

I R I S D O N A O I S N U A

CUISLE

EAGRÁN 6

MÁRTA 1999

£1.50



Sex, drugs & an
cogadh cultúrtha



Ar Thoir na Góra

Will 'restorative justice' replace punishment beatings?

An foras trastearann: Bord na Gaeilge faoi chóta nua?
Tír gan cheol, tír gan anam • Fócas ar Chúil Aodha

ISSN 1393-7243



03



Sócúil agus compord don ócáid mhór.

Tá Traein na bhFeidhmeannach feiliúnach i gcomhair gach cineál ócaíde, más beag nó mór líon na ndaoine, freastal den scoth le fáil ann, agus deoch dá réir ón 'Horseshoe Bar'.

Más i mbun gnó atá tú, nó más mian leat tamall gnó agus siamsa a chaitheamh le do chuid cliant nó fairne, cinnteoidh muide go mbeidh sibh ar bhur sáimhín só i rith an turais.

Má iarrann tú Traein na bhFeidhmeannach, beidh do chuid cliant i saol faoi leith, saol na sócula, saol réchúiseach, gealgháireach.

Turas gnó, imeachtaí spóirt, seoladh táirge nua, nó lá sa *casino* breá à la Las Vegas atá againn, cuirfidh Traein na bhFeidhmeannach iontas agus aoibhneas ar gach éinne a thagann ar bord.

I rith an turais, beidh deis agat suí fút agus do scíth a ligean, an thír ag sleamhnú tharath go suaimhneach, deis tabhairt faoi obair an lae gan stró ar bhealach eisceachtúil nach bhfuil a shárú ann.

Bainfidh tusa agus do chomhluadar araon taitneamh as lá an-speisialta áit a bhfuil *ambiance* agus ardú croí.

CÉN SCÉAL?



Éist leis an díospóireacht a chuir moill céad bliain ar shaoirse na hÉireann ...



... Seo leat go dtí seomra an airgid, féach na holograms, agus poll mór an airgid ...



... Cuir eolas ar chúrsaí baincéaracha san ochtú céad déag ...

... Déan turas closamhairc trí stair dhá chéad bliain ...



... sin cuid de na hiontaisí atá romhat ag Scéal na Baincéaracha ag Ionad Ealaón Bhanc na hÉireann, Foster Place, in aice le College Green.



My Story of Banking

IONAD EALAÓN BHANC NA HÉIREANN

Uaireanta Oscalte
Máirt go hAoine: 10am go 4pm
Satharn agus Domhnach ach socru a dhéanamh roimh ré.

Cead isteach
Daoine fásta £1.50
Mic Léinn £1.00
Grúpaí a bhfuil áirthint déanta acu: In aisce

Foster Place, Baile Átha Cliath 2
Guthán (01) 671 1488



San eagráin seo

AN FORAS NUA

Tús nua, féirín do Shinn Féin, nó Bord na Gaeilge faoi chulaith nua? Téann Uinsíonn Mac Dubhghaill ag cartadh sa ngort trastearann

13

CÉ DÓ AN LITRÍOCHT CHOMHAIMSEARTHA?

Fuil agus feoil, dúchas agus scrapyard na linne. Labhraíonn Liam Ó Muirthile ag Scoil Gheimhrídh Merriman

27

TÍR GAN CHEOL, TÍR GAN ANAM

Traditional Irish music is a recent development in our history, and fills a vacuum left by language shift, argues Diarmuid Johnson

5

LITIR Ó MHEIRICEÁ le Des Johnson

An fan le Jimi Hendrix atá i mbill Clinton?

9

CÓIR NA gCOMHARSAN?

Seán Mag Uidhir ar an restorative justice agus pólínteacht pobail in éagmás an RUC

10

CÚIL AODHA

Shiúil Diarmuid Johnson an Ghaeltacht bheag bhríomhar seo i Múscraí. Tá dóchas agus tnúthán ann, is gan teach ósta ar an mbaile

19

Is oth linn nach bhfuil spás againn an mhí seo don cholún logainmneacha. Leanfaidh Tim Robinson dá Chamchwart Chonamara an mhí seo chugainn.

CUISLE

An tEastát Tionsclaíochta, Casla, Co na Gaillimhe
Teil: 091 572077
Facs: 091 572076
Ríomhphost: cuisle@tinet.ie

Eagarthóir:

Uinsíonn Mac Dubhghaill

Riarthóir:

Mary Ellen Ní Chualáin

Tuairisceoir:

Diarmuid Johnson

Bainisteoir Fógraíochta:

Veronica Ní Ghriofa

Dearadh le:

Caomhán Ó Scolaí

Clóchur:

Kilkenny People

Grianghraf clúdaigh:

Pacemaker

Pictíúr i mbréagriocht atá ann

Arna fhoilsíú ag

Foilseacháin an Phobail Teo, Casla, Co na Gaillimhe.



DEIS FREAGARTHA

Is é polasaí na hirise seo deis freagarta a thabhairt d'aon duine nó d'aon eagraíocht a éilíonn a leithéid, má tá siad míshásta faoin méid a scriobhadh fúthu i gCuisle. Téigh i dteagháil leis an Eagarthóir, Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe, nó cuir ríomhphost chuig cuisle@tinet.ie faoin scéal.

CUISLE AR AN IDIRLÍON <http://homepage.tinet.ie/~cuisle1>



Is cuma an iad

S O I L S I

na mórchathrach atá ann nó

baile beag iargúltá iascaireachta

san iarthar, bíonn

C E A M A R A

de chuid RTÉ ann chun é a

thaispeáint i ngach teach sa tír. Ón

A I C S E A N

beo ag ócáidí spóirt idirnáisiúnta,

go dtí atmaisféar aerach ceolchoirmé

móire, déanaimidne cláir nach mbíonn

G E A R R

ar théagar, mar is againne atá

na hacmhainní, na daoine agus an

teicneolaíocht chun iad a dhéanamh

níos fíorr. Cuir sin ar fad le chéile agus

tá agat a mbíonn an lucht féachana ag

súil leis agus nach féidir ach le RTÉ,

Craoltóir Náisiúnta na hÉireann,

a chur ar fáil.

RTÉ



Tír gan Cheol, Tír gan Anam

Diarmuid Johnson

S INDIAIDH don Ghaeilge dul i léig agus don Bhéarla teacht i réim a tháinig an borradh mór faoi cheol rince na hÉireann. An ceol seo a bhfuil cuid dár bhléiniúlacht ann, is ceol iarGhaeilge atá ann, agus fáisceadh é as saol an Bhéarla.

Ba iad na hamhráin Ghacilge ceol mhuintir na hÉireann roimh ré an Bhéarla. Is meán cumarsáide a bhí sna hamhráin. Bhí na mílte acu ann, filíocht mhór i gcuid acu, cuid acu ina dtuairiscí ar eachtraí an tsaoil.

San áit ar mhair an Ghaeilge lenár linn féin, mhair na hamhráin. I nGaeltacht na haoise seo, lean an seanraidsiún ar aghaidh mar a bhí ar fud na tíre tráth.

An ceol uirlise ab fhoreithne sa nGaeltacht i rith na haoise seo, bhí sé móráin mar a bhí san aois seo caite:

ceoltóir aonair i ngach ceantar leis na daoine a chur ag damhaisa.

É sin, nó bhí na daoine i muimín an cheoltóra siúil. Agus áit ar píobaire a bhí sa gceoltóir aonair go minic fadó, is boscadóirí iad formhór na gceoltóirí aonair sa nGaeltacht lenár linn féin.

Ní hionann sin agus stair an cheoil sa nGalltacht. Bhí folántas mór i saol na Galltachta tar éis an ghorta. D'imirigh oidhreacht agus féiniúlacht le gaoth. Thit an tóin as seanchultúr na Gaeilge.

Sa nGalltacht, líonadh an folántas sin le ceol. Is sa nGalltacht is bríomhaire a bhí agus atá an ceol traidisiúnta. Is ceol Galltachta atá i gceol rince na hÉireann. Ainmneacha Béarla atá ar na soinn rince ar fad móráin, seachas *Seán sa Cheo* agus *An Rógaire Dubh*, agus *An Phis Fhlíuch* (O'Farrell's Farewell to Limerick).

Ach cheil idéalachas Gaelach an stáit Béarlachas an cheoil 'thraidiúnta' orainn. Sa tsraith *Ceol Rince na hÉireann*, mar shampla, is i nGacilge atá teidil na bpíosaí ceoil. B'éigean an Ghaeilge a chumadh. Is cinneadh polaitiúil a bhí ann sin, cinneadh a chuir firinne an traidisiún as a riocht.

R CHEIRNÍNÍ Ghael-Linn agus ar Cheirníní Cladaigh, mar shampla eile, is nós ó na seachtoidí anall cuid de na notaí mínithe agus den chúlra a bheith i nGacilge. Thug an pholaitíocht agus an chigireacht seo dhá rud le tuiscint: gur bhain an ceol le saol na Gaeilge, agus dá bhí sin go bhfuil sé sean.

Bhí bunsraith an cheoil rince ann le linn don Ghaeilge a bheith forleathan. Bhí ríleanna Albanacha



ann: *Craig's Pipes*, *Lady Ann Montgomery*, *Tar Bolton*, *St Anne's*, *Lord Gordon's*, *Lord MacDonald's*, *Miss Hamilton*, *The High Reel*, *Bonnie Kate*, agus dar ndóigh *Miss McLeod's*.

Bhí ceol ann a thug saighdiúirí na Fraunce leo i 1798. Bhí na foinn mháirseála ann, agus slip-jigs a d'fheil don phís.

De réir a chéile, cumadh tuilleadh. Chum fidlóraí Shligigh ceol: Martin Wynne agus Fred Finn. Chum Junior Crehan ceol i gCo an Chláir. Chum Paddy O'Brien agus Ed Reavy ceol. Paddy Fahy na Gaillimhe, Tommey Peoples, Charlie Lennon, Josie MacDermott, Seán Ryan, Richard agus Finbar Dwyer, Paddy Clancy, agus Lad O'Beirn. Sin cuid de na príomhchumadóirí. Is Béarlóirí ar fad iad agus maireann go leor diobh.

Na ceantair is saibhre ceol in iarthar agus i ndeisceart na hÉireann, tá siad taobh thoir de na

Gaeltachtaí, thart faoin tSionainn nó tamall siar uaithi. Tarraing líne ó Shligeach go Gaillimh go Corcaigh. Thart faoin líne sin atá na ceantair sin: Goirtín agus deisceart Shligigh, Baile na Cille na Gaillimhe síos go Tulla an Chláir, agus Sliabh Luachra.

ó dheas. Sin iad ceantair dúchais go leor de na cumadóirí thuasluaite. Is aíteacha iad ar imigh an Ghaeilge astu i lár na haoise seo caite.

Is as na ceantair seo go príomhdha - agus as ceantair eile i gcuigí Uladh,

Na ceantair is saibhre ceol in iarthar agus i ndeisceart na hÉireann, tá siad taobh thoir de na Gaeltachtaí

agus in Oirialla - a tháinig an saibhreas ceoil is bunábhar don traidisiún bríomhar agus don tionscal bisiúil atá anois ann.

S IONANN ceol rince na hÉireann agus blues Dheisceart Mheiriceá, an reggae, jazz New Orleans nó cajun sa méid is gur ceolta cine ar fad iad, ceolta a chuaigh i gcion ar an saol móri bhfad ón bhfód dúchais.

I gcás na hÉireann de, chuaigh an ceol i gcion ar thíortha ar fud an domhain, agus ar aíteacha eile in Éirinn araon.

I measc na n-aíteacha sin a ndeachaigh an ceol traidisiointa i gcion orthu, tá an Ghaeltacht. Seachas na ceoltóirí aonair, agus beagán eisceachtaí, is rud nua atá sa gceol uirlise sa nGaeltacht. Agus tá sé níos óige ná a siltear sa gcuid eile den tír.

1 dul i léig - wane; **teacht i réim** - rise; **borradh** - surge; **féiniúlacht** - identity; **iarGhaeilge** - post-Irish; **fáisceadh as** - was born of.

2 ré - time; **urlis** - instrument; **ab fhórleithne** (forleathan) - most widespread; **ceoltóir aonair** - solo musician; **i muinín an cheoltóra siúil** - dependant on travelling musicians.

3 **ní hionann** - not so; **solúntas** - vacuum; **oidhreacht** - heritage; **is bríomhaire** (bríomhar) - most vibrant.

4 **cheil** - hid; **idéalachas Gaelach** - Gaelic idealism; **Béarlachas an cheoil** - the English element in the music; **cinneadh polaitiúil** - a political decision; **as a riocht** - misrepresented; **cigireacht** - surveillance.

5 **bunsraith** - foundation; **príomhchumadóirí** - foremost composers.

6 **is saibhre** - richest; **thuasluaite** - above-mentioned; **go príomhdha** - mainly; **bunábhar** - raw material; **tionscal bisiúil** - lucrative industry.

7 **ceolta cine** - ethnic musics; **i gcion** - left their mark; **an fód dúchais** - native soil; **eisceachtaí** - exceptions.

Na nithe nach iad


D'FHREASTAIL *Cuisle* ar chomhdháil i nDelhi Nua na hInde i rith na míosa. *Language Contact – The Way Forward* ba theideal agus ba théama di mar chomhdháil, béim ar theangacha thuaisceart na hInde, ach an fócas cuí ar na nithe nach iad.

I measc na gceisteanna a spíonadh, bhí an sean agus an nua, focla iasachta *versus* focla dúchasacha, agus 'an ualach do dhuine an léann?'

Thug Mia Bratminder léacht ar na

bhí Heinz Biin, ollamh leis na nithe nach iad i Kreuzfeld na Gearmáine. Labhair an tOllamh Biin faoi na cosúlachta idir an Ghearmáinis sna tríochaidí agus an Ghacilge sna naochaidí.

An dearcadh piúratánach nach gceadaíonn focla iasachta sa nGaeilge, tá sé ar aon dul le frithLaidineachas na Gearmáine sna tríochaidí, dar leis. Cumadh go leor focla Gearmáinise le linn an ama sin. Phréamhaigh cuid díobh sa teanga, mar atá *Fernseher* (teilifís) nó *Fahr-rad* (rothar), ach



hiasachtaí Fraincise sa nGearmáin is gceantar Müllhausen, *porte-monnaie, vélo, oignon*, agus dar ndóigh *pardon*.

Labhair an tOllamh Katchu Laterman faoi créole, agus abairtí arbh iad a macasamhail i nGaeilge, 'Tá an sun ag shineáil', 'turnail off an answering machine', nó 'Bhí mé just a' wonderáil an bhfuil sé supposálte an septic tank a deliveráil'.

Labhair an Dr Nadu Lassmal faoi chás na hAlbánaise:

"Owing to almost uninterrupted colonisation first by Greek, Slavic and Turkish cultures, and latterly by Italian and French, for example, Albanian preserves in its lexicon no more than 200 words of native origin."

Tar éis an tae, rinne an tOllamh Martin Nkmeba ón Sourbonne cur síos ar chás na Fraincise sa lá atá inniu ann. Mheabhráigh sé don chomhlúdar gur thug na Francaigh díl Toubon isteach le sforleathadh an *franglais* a stopadh. "Oscaigí *Le Monde*," ar sé, "agus feicfidh sibh *leader, rush, timing, marketing, off-shore* agus *melting pot*."

I measc na nEorpach eile a bhí ann,

caitheadh cuid díobh i dtraipisí, *Fernsprecher* (fón) mar shampla.

Pfiertopfzerknalltreibing a baisteadh ar an rud a dtugtar *Pfierzylinde* *explosionsmotor* air sa lá atá inniu ann. Is ionann seo mórán agus 'ingearán' a thabhairt ar 'heileacaptar', dar leis an Ollamh Biin.

Seo tuilleadh dá chuid cainte: "Eliminating loan-words from one language in contact with another is a well-documented phenomenon in cultures where revisionism prevails, and where the reality of cultural identity sits uneasily with an obsolete ideal being enforced."

"To exclude loan words from the Irish language, both spoken and written, is not only an impractical and extravagant exercise in hierachal prescriptionism, but it is to ignore the history of the language, as Irish, contrary to much insular chauvinism and romantic cherry-picking, has always been an keen borrower of vocabulary."

Lainín, Lochlannais, Angla-Normanais, agus Béarla; d'fhág siad ar fad lorg ar an nGaeilge, ar sé. Aingeal,



CLOCHA BEAGA SCARTHÁ

Diarmuid Johnson

eaglais, leabhar, páipéar, cléir, sagart, long, trosc, margadh, bróg, garsún, coláiste, cursa, páiste, caisleán, geata, halla, hata, cóta, mála, bord, balla, lampá, stampa, plúr, póg, puball, pobal, pléaráca, péint, post, píosa . . . Thug an tOllamh mile seacht gcéad fiche trí sampla uaidh d'fhocla iasachta sa nGaeilge.

Cuireadh roinnt ceisteanna ar an Ollamh Bin i ndiaidh a chuid cainte. "An raibh tú in Éirinn riamh tú féin?" cuir i gcás. "Do chaithreas coicíos ar Oileán Chléire," ar sé i nGaeilge.

Agus ceist eile: cé na focla Béarla ba cheart gan aistriú nuair atá Gaeilge á scríobh? "Neologisms such as *riomhphost* and *riomhaire* run counter to international practice, as *E-mail* and *computer* are used in most languages.

"Réamhshaisnéis and gluaisteán are pedantic and superfluous, and consequently have almost been filtered out of normal use. Things like *doirteal, cuisneoir, and deannachán* make tedious reading when used *en masse*.

"Feoilseantóir is imaginative, but I note older generation vegetarians in Cléire say, 'ní ithim(se) feoil'. Translating English jargon and short-lived buzzwords is obscene. Think-tank, floating budget, sprinkler leakage policy, development forecasting technique, such words warrant being left out in the cold."

Tá iarrachtaí ar bun le comhdháil *language contact* na bliana seo chugainn a reachtáil i gCathair na Mart, Maigh Eo. *I d'Teo na Dea-Chainte* an teideal atá á mholaodh. Más mian libh breis eolais a fháil ar gach a dúradh i nDelhi Nua i mbliana, is féidir: foilseofar imeachtaí na comhdhála in *Am Tráthá*, iris na comhdhála.



COLÁISTE NA hOLLSCOILE, CORCAIGH

BRÚ NA LAOI

Castlewhite Apartments

13 Meán Fómhair 1999 — 9 Meitheamh 2000

IONAD CÓNAITHE GAEILGE

(*Faoi Choimirce Bhord na Gaeilge*)

Beidh Ionad Cónaithe Gaeilge Choláiste na hOllscoile Corcaigh ar oscailt do mhic léinn lánaimseartha a bhfuil labhairt na Gaeilge acu sa bhliain acadúil 1999/2000. Tá scoláreachtaí de £300 an ceann á dtairiscint ag Bord na Gaeilge do líon teoranta mac léinn. Más mian leat cur fút san ionad seo i rith na bliana acadúla seo chugainn agus más mian leat cur isteach ar Scoláreacht, tá colas breise agus foirmeacha iarratais ar fáil ó:

Oifig na Gaeilge Labhartha,
Áras Uí Rathaille,
Coláiste na hOllscoile,
Corcaigh.

Teileafón: 021 0 902314

Facs: 021 0 903329

Idirlíon: <http://www.ucc.ie.ucc/igl/>



DUBLIN INSTITUTE of TECHNOLOGY

Institiúid Teangeolaíochta Bhaile Átha Cliath

DEISEANNA DUITSE!

Tá rogha os cionn 80 cursa lánaimseartha i DIT, agus deiseanna den scóth le taibhre agus sult a bhaint as do chuid oideachais tríú leibhéal. I measc an iliomad cursaí éagsúla atá againn, tá:

Na hEolaíochta Feidhmeacha agus Para-meldiceacha
Ailtireacht/Tógáil agus Suirbhéireacht
Ealaín, Dearadh, agus Clódóireacht
Staidéar Gnó/Margaocht
Cumarsáid/Teangacha
Ceol/Drámaíocht
Innealtóireacht – rogha sainabhar
Bainistíocht Óstán/Lónadóireacht/Turasóireacht
Teicneolaíocht Faisnéise/Ríomhaireacht
Staidéar Sóisialta

Tuilleadh eolais ó:

Oifig Iontrála DIT
30 Sráid Pembroke Uacht.,
Baile Átha Cliath 2
Teil: (01) 402 3445
Facs: (01) 402 3392



Teanga agus Cultúr na hÉireann

CÚRSAÍ GAEILGE DO DAOINE FÁSTA

Tosaitheoirí – Meán – Ard Leibhéal

CÚRSAÍ GNÍOMHAIÓCHTA

- *Bodhrán & Pliút
- *Damhsa Thír Chonaill *Péintéireacht Mara
- *Súil Sléibhe
- *Seandálaíocht *Potadóireacht Cheilteach
- *Tirdreach & Cultúr *Fíodóireacht Taipéise
- Scoil Shamhraídh i dTeanga & Cultúr (24-31 Iúil)

CÚRSAÍ DO MHÚINTEOIRÍ

- *Cruinneas na Gaeilge
- *Múineadh na Gaeilge do Daoine Fásta

BILEOG EOLAIS 1999

OIDEAS GAEEL,

Gleann Cholm Cille, Co Dhún na nGall.

Fón: 073-30248 Fax: 073-30348

email:oidsgael@iol.ie www.oides-gael.com

'Aitheanta ag An Roinn Oideachais do Mhúinteoirí Bunscoile'

Sex, drugs & rock 'n' roll



Desmond
JOHNSON

amháin, ná ionadaí d'fhorsaí ifrinn a bheith ar a thriail.

Dar leis an dream úd, is as na 60í a tháinig an uile olc atá ar an dtír, idir cholscaradh, theaghlaigh aontuiste, agus ghnímhilleadh. Is grán leo na 60í agus a gcuid suaitheantais - *sex, drugs and rock 'n' roll*. Sin agus an feachtas in aghaidh an chogaidh i Vítneam.

Tá cuid den eite is faide ar dheis ag bagairt is ag marú. Ag marú dochtaír atá i mbun clinicí ban áit a ndeintear ghnímhilleadh. Tá daoine homaighnéasacha á n-ionsaí freisin. Déantar foréigean orthu go forleathan. Agus tá feachtas ar leith in aghaidh lánúnacha homaighnéasacha, go háirthe iad san a bhfuil clann acu ar altramas. Tá leathanaigh ar an Líon a thugann eolas faoi na dochtaír agus na lánúnacha san, maraon lena gcuid seolta . . .

Tháinig an ríabhlóid shóisialta chun críche sna 60í, is bhí nasc daingean idir san is an feachtas in aghaidh chogadh Vítneam. Ach feictear domsa gur feachtas ann féin a bhí sa bhfreasúra in aghaidh na troda thar lear. Ní raibh mórán baint le *sex, drugs and rock 'n' roll* ag na sagairt, ag na mná rialta, ná ag na nuachtóirí a chuir in aghaidh an chogaidh san, ná ag a lán des na mic léinn ná na múinteoirí a rinne amhlaidh.

Tá cathanna eile fós ar siúl sa chogadh cultúrtha, cathanna a bhaineann le pionós an bháis is leis an gciníochas, mar shampla. Agus ainneoin deighthilt

Jimi Hendrix

NUAIR A THÁINIG an Mayflower i dtír i Meiriceá, bhí dhá dhream ar leith ar bord. Bhí na hoilithrigh ann, agus bhí na mairnéalaigh is na saighdiúirí ann, dhá bhuíon a bhí riachtanach don eachtra nua. Na hoilithrigh agus an creideamh ceart acu, an chuid eile ar mhalaírt chreidimh, nó gan creideamh ar bith acu, seans.

Ní fada gur thosaigh aighneas i bPlymouth, agus ní hí turise an aistír, easpa fíorúisce, ná míola gruaige ba chúis leis. Ní héard a bhí ann nach raibh na hoilithrigh agus na mairnéalaigh, na máistrí agus na giollaí, ar aon intinn faoi saol. Is amhlaidh nach raibh siad ar aon mheon ná ar aon dearcadh le chéile.

D'imirghe daoine leo gur bhunaigh a gcuid cílínteachtaí féin sa gceantar. Dobas na cílíneachtaí nua sán a d'eascair Sasana Nua. San am céanna, bhí cílíneacht Virginia á bunú i bhfad ó bhaile i ndeisceart na tire. Ó shin i leith tá an t-aighneas agus an t-easaontas idir

an Tuaisceart is an Desiceart ag tuile is ag trá.

Ba é an Cogadh Cathardha (1861-1864) an t-aighneas ba mhó eatarthu, agus go dtí ár linn féin, is iomaí duine

'Ní hé Clinton an t-aon target amháin atá aimsithe san ionsaí seo'

sa Desiceart ar fuath leis an Tuaisceart. Ní miste a rá gur ón Desiceart d'fhormhór na gceannairí atá ar an eite dheis.

Tá os cionn céad tríocha bliain ó bhí an cogadh cathartha ann, ach tá cogadh eile ar siúl anseo faoi láthair. Tá sé ar siúl le fada an lá. Cogadh cultúrtha a tugtar air, ach b'fhéidir gur oiriúnaí "ionsaí cultúrtha" a thabhairt air.

Síleann go leor gur eachtra amháin san ionsaí san a bhí san iarracht Clinton a tháinseamh. D'ainneoin na cainte ar fad faoin fhírinne, faoi dhlí is ceart, agus go deimhin faoi chúrsaí gnéis, is é a bhí i gceist, dar le dream

bhunreachtaíl a bheith idir an stát is an eaglais, measan ceannairí eite dheis na Críostaíochta go bhfuil seans acu anois cuid dá spriocanna a aimsiú ar mhodhanna polaitiúla.

Ní hé Clinton an t-aon target amháin a aimsiodh san ionsaí seo. Tá go leor ráite cheana féin ag Poblachtánaigh faoi bhreithimh ar leith a tháinseamh de bharr a mbreithiúnas liobrálacha. Má thugtar faoi san, is ar neamhspleáchas na mbreithiún a bheas an t-ionsaí. *Coup* in aghaidh na bunreachta a bheadh i gceist. Ach is dóigh liom go múscloídh an pobal sar a dtarlóidh san.

Efforts to end punishment beatings in the North include new policing initiatives under the banner of 'restorative justice'. This special report is by the editor of the *North Belfast News*, Seán Mag Uidhir

Cóir na gComharsan?

TRÍOCHA BLAIN ó shin, i mí Eanair 1969, rinne scuaire den RUC roathar ar Thaobh an Bhogaigh i nDioice nuair inneadh ionsaí ar mhorshot ag Droichead Burntollet. Le linn an ruathair, bhual an RUC cuid mhor

daonra go dona, Samuel Devenney ina measc. D'fag Devenney trí mhi ina dhiaidh sin mar gheall ar an idé a fuair sé.

Ní raibh i ndán don RUC a bheith ar ais taobh istigh de cheantar an Bhogaigh go ceann céithre bliana i ndiaidh imeachtaí an lae sin.

Niorbh fhada gurbh amhlaidh do cheantair náisiúnacha eile sa Tuaisceart. Mí Lúnasa 1969, d'ionsaigh sluaite dílseoirí agus an RUC ceantair náisiúnacha agus cuireadh na céadta teach trí thine. D'ordaigh rialtas na Breataine fiosrúchán agus go dtí 1973 bhí arm na Breataine 'freagrach' don dli.

Bhí an RUC ann go fóill, ar ndóigh. Taobh amuigh de na beairicí, áfach, ní raibh teagmhál ag an ghnáth-shaoránach sna ceantair náisiúnacha leo.

Ar ndóigh, bhí an choiriúlacht ann go fóill sna ceantair nach raibh fáilte roimh an RUC, agus thóg na comhphobail seo freagracht na córa orthu féin. Cuireadh coistí córa ar bun, sórt cúirteanna pobail a réitigh achráinn idir baill den phobal.

Diaidh ar ndiaidh, tar éis don IRA Sealadach teacht ar an saol de thoradh imeachtaí 1969, ghlac siadsan cúram orthu féin dul i ngleic leis an choiriúlacht shóisialta.

Thosaigh siad ag lámhach daoine sna cosa nó ag ceangailt daoine de lampái le péint nó teara a chur orthu, nó chuir siad daoine ag scuabadh na sráide agus fógraí orthu. In ainneoin gur cáineadh an obair sin taobh amuigh de na ceantair náisiúnacha, bhí tacáocht mhór ann do ról pólíníteachta an IRA.

Tháinig an RUC ar ais go luath i 1973, duine acu ar dtús agus thart faoi 30 saighdiúir ar aon phatról. D'athraigh rialtas na Breataine a pholasáí maidir le ról arm na Breataine agus an RUC. Shocraigh siad go mbeadh an RUC chun tosaigh sa troid in aghaidh na ngrúpaí armtha.

Maidir le coiriúlacht, áfach, is beag athrú a bhí ann. Lean daoine orthu ag dul go dtí an IRA nuair a bhí fadhb acu le coirpigh, agus ar ndóigh gheobhadh an IRA cáineadh ó phobal na hAite nuair nach raibh siad ag déanamh a ndóthain le srian a choinneáil ar joyriders.

Bhí na pionóis géar agus brúidiúil, ach i measc bhrúidiúlacht uilig na cogáiochta, ghlac daoine leo chun srian a choinneáil ar an choiriúlacht.

Bhí daoine eile sa phobal a mhaígh go mbeadh ar an phobal roghanna eile neamhfhoréigeanacha a aimsiú chun plé leis an choiriúlacht shóisialta, agus i dtús na sosanna cogaidh i 1994 díroind aird ar chuardach na roghanna eile seo. Ní hé go raibh an RUC níba inghlactha ag daoine, agus bhí géarghá ann chun rud éigin eile a thriail nuair nach raibh córas pólíníteachta cóir ann.

Bhí cainteanna ann idir grúpaí comhphobail agus NIACRO, an *Northern Ireland Association for the Care and Resettlement of Offenders*, ar feadh trí bliana ag amharc ar roghanna eile seachas an láimh láidir. Sa deireadh, d'fhoilsigh ceathrar a bhfuil taithí na mblianta acu ag plé le coiriúlacht sa chomhphobal leabhar dar teideal *Designing a System of Restorative Justice* for

Northern Ireland.

Tá meas ag an bpobal ar na daoine seo, agus mholti siad gur chóir roinnt scéimeanna *restorative justice* a thriail i mBéal Feirste agus i nDroire in áiteanna nach raibh fáilte roimh an RUC.

Próiseas idirghabhála - *mediation* - atá i *restorative justice*. Tá sé ag feidhmiú in áiteanna i gCeanada, i Meiriceá, san

den scéim, déanfar cearta na gcúisithe agus na n-fobartach a chosaint mar is cóir.

Beidh na comhairleoirí ag oibriú chun na cúisithe agus na híobartaigh a thabhairt le chéile chun aontú ar bhealach le cíuteamh a thabhairt don fobartach as an Éagóir.

Tá cairt comhphobail foilsithe ag an



Dílseoirí i ngleic leis an RUC ag Droim Cria anuraidh. Ní hiad na náisiúntóirí amháin a deir nach bhfuil muinín acu sa bhfórsa

Afraic Theas agus i roinnt tíortha i Meiriceá Theas. "Is éard is *restorative justice* ann ná córas córa a reachtálann an pobal agus atá freagrach don phobal," a mhíniugh Gerry O'Reilly dom, fear a bhfuil baint aige le scéim nua i gceantar an Lóiste Úir.

OIBRÍ pobail atá sa Raghallach a bhfuil ceathrar leanáí aige agus a shaol caite san áit aige. "Ní raibh péasfhórsa ionadaíoch againne leis na glúnta, agus bhí ar na pobail seo freagracht a ghlagadh orthu féin as an phóilíneacht.

"Toradh ar chuardach na modhanna neamhfhoréigeanacha chun plé le coiriúlacht atá sa tuairisc ar *restorative justice*. Is iad *inclusion* agus *mediation* na príomhileimintí sa chóras."

Tá an Raghallach agus lucht na scéimeanna nua eile ag bualaigh le lucht na n-eaglaisí, leis na scoileanna, leis na cumainn óige agus na comhphobail. Tá tacáocht ionlán na ngrúpaí sin de dhíth má tá Rath le bheith ar an scéim.

Tá suas le 20 duine áitiúla á dtraenáil i modhanna na hidirghabhála, idir chúisitheoirí agus íobartaigh. Mar chuid

scéim sa Lóiste Nua, tá coiste stiúrtha ann atá ionadaíoch do phobal na hAite, agus toghadh grúpaí comhphobail ag cruinní poiblí.

Glacann an Raghallach leis nach mbeidh réiteach ar gach cás, ach tá dóchas aige gur féidir leis an phobal plé le 80-90% de mhionchoiriúlacht an cheantair le tacáocht an phobail.

Dúirt sé go ndéanfadh an pobal baghcáit ar mhangaírí drúgáí mura mbeidís siad sásta comhoibriú leis an phobal. Chomh maith leis sin, beidh an scéim ag iarraidh cur leis na háiseanna atá ag an aos óg sa cheantar.

"Níor mhaith linne gan plé ach leis an toradh a bhíonn ar an gcoiriúlacht," arsa sé, "ba mhaith linn plé leis na cúiseanna fostá."

San am i láthair, níl na scéimeanna sásta comhoibriú leis an RUC, lasmuigh de scéim amháin atá i bhfeidhm ar Bhóthar na Seanchille.


"Is oth linn a rá nach bhfuil muinín againn as an phéasfhórsa mar atá sé, ach beidh muid ag amharc go géar amach anseo ar staid na pólíneachta nuair a fhoilsíonn Chris Patten a thuairisc sa samhradh," a dcir sé.

Manchan ar strae . . . an bhfuil blas ar an bhfeamainn tar éis na mbéiltí spíosmhara a bhí aige san Índ? Féach TnaG ar an 23 Mártá

Comhlúadar

Dé Céadaoin

Is í Sorcha Ní Mhonacháin as Gaoth Dobhair a chuireann an tsraith Comhlúadar i láthair oíche Chéadaoine ar a 8.30 p.m. Clár cainte faoi roghanna saoil atá ann. "Ar thóir m'aislinge" a phléifeart ar an 3 Mártá; homaignéasachas ar an 10ú; "ag socrú síos sa Ghaeltacht" ar an 24ú agus "caitheamh aimsire paiseanta" ar an 31ú. Scannán Dobharchú a léirigh.



Mise Éire

Dé Céadaoin 10 Mártá

An Tine Bheo

Dé Céadaoin
17 Mártá

Saoirse

Dé Céadaoin 24 Mártá

Chum Seán Ó Riada an ceol le haghaidh fuaimriani scannán a rinne Gael-Linn. Trí scannán ar fad atá i gceist: *Mise Éire* (George Morrison,



TnaG Mártá

1959); *Saoirse?* (George Morrison, 1960) agus *An Tine Bheo* (Louis Marcus, 1966).

Scannán 90 nóiméad atá i *Mise Éire agus Saoirse?* Riomhadar stair na hathnuachana cultúrtha agus polaitíochta a tháinig chun bláthá in Éirinn i ndiaidh 1893 agus an choimhlint ar son na saorise a tharla idir 1916 agus 1922. Rinneadh iad as sean-nuachtscannán de chuid na mblianta sin agus ó tharla teora leis an ábhar, baineadh feidhm ar leith as an gceol chun brí agus drámatúlacht na tréimhse a léiriú agus chun an cumha agus an chaithréim a chur in iúl.

Gearrscannán cómortha ar Éirí Amach 1916 atá in *An Tine Bheo*. Ceolchoireann Shiansach RTÉ a sheinn an ceol agus ba é an Riadach a bhí ina stiúrthóir ar an gceolchoireann ag na seisiúin taifeadta.

Manchan ar Seachrán in Éirinn

Dé Máirt 23 Mártá

Tar éis deich mbliana ag taisteal ar fud an domhain, tá an taistealaí agus an láithreoir telifise Manchan Magan tar éis teacht ar ais go hÉireann chun "dul i ngleic go fuar-chúiseach lena chultúr fein".

ImBéal an Phobail

Dé Domhnaigh

Is í Cynthia Ní Mhurchú a chuireann an tsraith nua seo i láthair. Caitheann sí súil siar ar na scéalta ba neamh-ghnátháí is ba mhó a bhain craitheadh as an domhain ó na 1920í go dtí an lá atá inniu ann. Ó réalta sacair go lucht cóicéin – cad a tharla do Diego Maradona i ndáiríre píre? Agus steireoidí – ní lúthchleasaithe amháin atá ag baint leasa astu. Ionsaí 'mhunún' Mars i 1938 – an chaoi ar chuir clár raidió an dallamullóg ar an saol móra. Éirí agus titim Pablo Escobar agus an impireacht mhór millteach cóicéin a bhí aige.

Togaidh Sinn Fonn

Dé Máirt 23 Mártá

Ceol na hÉireann agus na hAlban á sní le chéile atá sa chlár. Tá lear mór de cheoltóirí agus d'amhránaithí na hÉireann faoi stiúir Mhanus Lunny páirteach sa tsraith. Sa chéad chlár beidh Gaeldón le Maighréad agus Triona Ní Dhomhnaill agus Mairi Smith agus iad ag

casadh *Na Gamhna Geala*.

Is iad MNE Television (comhlacht neamhspleách teilifise in Albain) i gcomhair le Hummingbird Productions na hÉireann a léirigh.



Teach an Phiarsaigh, Ros Muc

Taibhsí na Staire

Dé Máirt 3 Mártá

Clár bunaithe ar an tarraingt a bhíodh ag beirt de phearsain mhóra na tire i dtús an chéid ar Ros Muc i gConamara ar laethé saoire. Ba é Lord Dudley an siombal ba mhó de chumhacht Impireacht na Breataine in Éirinn ag an am, agus ba ghearr go mbeadh Pádraig Mac Piarsaigh ina cheannaire orthu siúd a bhí ag iarraidh deireadh a chur lena réimeas. Ba mhór idir fealsúnacht na beirte ach bionn caint orthu i gcoinéar sa cheantar. Cén chosúlacht meoin a thug orthu beirt triall go Ros Muc, nó an éagsúlacht meoin a chas ar an bhfód céanna iad?

Is é an craoltóir Seosamh Ó Cuaig a chuireann an clár seo i láthair ina bhfuil ábhar cartlainne, agallaimh le daoine as Ros Muc ar cuimhne leo an bheirt, agus Earl of Dudley na linne.

Arrangements to set up a cross-Border body for Languages (Irish and Ulster Scots) are almost complete. Will it be a new departure, a glorified Bord na Gaeilge, or a sweetener for Sinn Féin? Is Irish just another political football in the peace process endgame? A special report by Uinsíonn Mac Dubhghaill

Cluiche contúirteach don teanga

An gcuirfidh an pholaitíocht an foras as a rioccht?

CLOCH MHÍLE thar a bheith tábhachtach ab ea an socrú maidir le forais nua trasteorann a rinneadh díreach roimh an Nollaig. Sa ráiteas stairiúil a d'eisigh an Chéad Aire David Trimble agus an Leas-Chéad Aire Séamus Mallon ar an 18 Nollaig, dúradh go raibh aontas ann maidir le sé fhoras nua a bhunú, agus comhlacht trasteorann chun cúram a dhéanamh de chúrsáí turasóireachta.

Forais fhorsheidhmithe nó *implementation bodies* a bheas iontu. Cuirfidh siad na forálacha éagsúla trasteoann atá i gComhaontú Bhéal Feirste i bhfeidhm. Is iad na sé cinn atá i gceist ná Uiscebealaí Intíre, Sábháilteach an Bhia, Forbairt Trádála agus Gnó, Cláracha Speisialta an Aontais Eorpáigh, Teangacha, agus Feirmeoireacht Éiseach Cúrsaí Mara.

San idirbheartaíocht dheireanach roimh an aontú, bhí Rialtas na hÉireann ag brú go láidir le go gcuirfi foras don Ghaeilge isteach sa chiseán. Cén fáth? An amhlaidh gur thuig an Rialtas gur deis iontach a bhí ann fuilaistriúchán fuinniúil tuisceartach a chur isteach i ngluaiseacht mharbhánta na teanga ó dheas?

Is ar éigean é. Theastaigh ón Taoiseach Sinn Féin a choinneáil ar bord agus próiseas casta na síochána a bhogadh orlach eile ar aghaidh. Sa chur is cíuteamh maidir le líon na bhforas trasteoann a bhí le bheith ann, agus maidir le líon na n-aireachtaí sa rialtas nua ó thuaidh, bhí an baol ann go dtí an nóniméad deireanach go dtífeadh na cainteanna as a chéile.

Ba é an dearcadh a bhí ag Baile Átha Cliath ná go raibh féirín dá chuid féin de dhíth ar Shinn Féin. Chuige sin, ba é Bertie Ahern féin a bhrúigh an foras don Ghaeilge – agus an Albainis Ultach caite



Pádraic Ó Tuairisc (ar chlé) agus Niall Cusack sa léiriú a rinne an compántas drámaíochta i mBéal Feirste, Aisling Ghéar, den dráma *Bás Taismeach Ainrialai* le Dario Fo. Caidé mar a éreoidh le hainrialaithe na hAislinge faoin bhforas nua?

isteach do na haontachtóirí.

Is é an cíulra fíorpholaitíúil seo atá in aigne na státseirbhiseach i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste agus iad ag dréachtadh na reachtaiochta do na forais nua. Tá cuid mhaithe den réamhobair ar siúl ar an sé fhoras le chéile, lena chinntí mar shampla nach mbeidh a gceannárais ar fad ar thaobh amháin den Teorainn. Agus tá brú damanta ann an reachtaiocht ar fad a réiteach roimh an 10 Mártá, an sprioc atá leagtha síos ag rialtas na Breataine.

Sa bhfuadar seo ar fad, áfach, tá an baol ann go ndéanfar dearmad ar cheist shimplí amháin: cá bhfuil leas na teanga? Má labhraíonn tú le Gaeilgeoir tuisceartach na laethanta seo seans go labhróidh sé go dóchasach leat faoin ré nua atá ag gealladh don teanga ó thuaidh. Má labhraíonn tú le cuid de na gníomhairí teanga ó dheas cloisfidh tú iad ag caint faoin dóchas míréadúil a bhí ar Gaeilgeoirí sna 1940í nuair a bunaíodh Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge – agus féach céard a tharla don Chomhdháil.

Sop polaitíúil a bhí sa Chomhdháil an t-am sin, agus gliceas De Valera taobh thiar dó. An nglacfaidh a gharmhac, Dev Óg, leis an gcleasaíocht chéanna i 1999? An ndéanfar an teanga a pholaitíú go brách sa Tuaisceart, ar mhaithle le Sinn Féin? Cé mhéid blian is a thóigfaidh sé ar dhaoine a fháil amach gur féidir le Sinn Féin a bheith chomh béalchráifeach céanna i leith na teanga is a bhí Fianna Fáil sna 1940í – agus an mbeidh an toradh bocht céanna ar an mbéalchráifeacht sin?

TÁ AN idirbheartaíocht faoin bhforas nua teangacha – agus na forais eile – ar siúl ar an leibhéil is airde, a deir foinse sinsearach sa stáitchórás ó dheas atá gar do na cúrsáí seo. “Seafóid ghlan” an cur síos a dhéanann sé ar alt sa cholún *Tuarascáil* san *Irish Times* le déanaí. Faoin gceannteideal, ‘Cultúr an tosta agus na humhlaiochta in uachtar’, tugadh le fios

► Ich 14

Cluiche contúirteach don teanga

► Ich 13

san alt go raibh bob buailte ag Bord na Gaeilge ar na heagraíochtaí deonacha teanga, toisc go raibh sé socratithe go mbunófaí an foras nua ar dhúshraith an Bhoird.

Ní cinneadh do Bhord na Gaeilge ná don Roinn Ealaón, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán a bhí ann tógáil ar an mbord nó foras as an nua ar fad a bhunú, dar leis an bhfoinse seo.

"Is ar éigean a bhfuair Bord na Gaeilge deis focal amháin a rá go fóill," a dúirt sé. "Is faoi Rialtas na hÉireann agus rialtas na Breataine na céimeanna a ghlacadh le go mbeidh na forais seo réidh."


Ó rinneadh an socrú ar an 18 Nollaig tá cainteanna ag dul ar aghaidh idir an dá rialtas maidir leis na forais nua. Tá cuid mhaith de na socrutithe aontaithe i bpriúnsabhal idir na státseirbhísigh, ach i ndeireadh na dála is cinneadh polaitiúil a bheas ann glacadh leo nó iad a leasú.

Dúirt ár bhfoinse nach raibh aon eas-aontas idir an dá thaobh maidir leis an gcur chuige don foras nua teangacha. Bhí Bord na Gaeilge ann cheana féin; bhí an t-uafás oibre le déanamh ar na forais ar fad agus spriocanna dochta ama ag teacht sa mhullach orthu.

Ba léir gurb é an beartas ab éasca agus ba shimplí ná an foras nua a thógáil ar an mBord, agus sin mar a tharla. "Ní raibh aon rogha againn ach dul ar aghaidh leis an mbunchloch . . . níl aon dearcadh á léiriú againne i leith Bord na Gaeilge olc, maith nó dona," ar sé.

Díol ioróine, b'fhéidir, sa scéal seo ar fad ná gurbh é an comhthéacs polaitiúil sa Tuaisceart, agus an gá le Sinn Féin a choinneáil ar bord, is cùis le bunú an foras nua teangacha. Agus is mar gheall air sin atá an oiread sin airde á tabhairt ag an Rialtas ar an gceist.

Ar chóir a bheith buioch gurb é an comhthéacs polaitiúil sin atá ag tiomáint an ruda? Is beag éileamh atá ann ón bpobal, thuaidh nó theas, ar foras uile-Éireann don Ghaeilge – cé gur mhaith leis an scáthghrúpa Pobal i mBéal Feirste a mhalaírt a thabhairt le fios.



Agus toisc go dteastaíonn ón Rialtas a léiriú do Shinn Féin go bhfuil síolta an rialtais uile-Éireann á gcur leis na struchtúir nua seo – is cá bhfios nach bhfuil an ceart acu? – is tábhachtach leo go n-éireoidh go maith leis an sé fhoras agus go mbeidh siad chomh substaintiúil is is féidir.

Comhthéacs eile ar fad a bhí ann nuair a bunaothd Bord na Gaeilge 21 bliain ó shin. Sop eile do na Gaeilgeoirí a bhí sa Bhord an uair sin, ach níor ghlac an chuid is mó den státhóras i ndáiríre leis go dí an lá inniu féin – faoi mar a léiríonn tuarascálacha an Bhoird féin.

Go deimhin, réitigh an Bord nua ollphlean gníomhaíochta don teanga, ach níor chuir an Rialtas an t-airgead ar fáil chun é a chur i gcrích.

Inseoidh an aimsir an chun leas na teanga é seo ar fad. Tá an baol ann, má bhuanáitear an tsíocháin, nach mbeidh an dá rialtas leath chomh buartha faoi chúrsáil teanga is atá siad faoi láthair. Agus beidh rian Shinn Féin le feiceáil ar na ceapacháin do chomhaltaí an foras nua. An cheist atá ann ná cé chomh mór is a bheidh tionchar an pháirtí orthu.

SAMPLA eile den chaoi a bhfuil an comhthéacs polaitiúil ag dul i bhfeidhm ar an scéal ná an *legal fiction* gur aon foras amháin a bheas ann don Ghaeilge agus don Albanais Ultach.

Sin a bheas ann go hoifigiúil, agus ar an gcaoi sin beidh David Trimble in ann a rá nach mbunófar ach sé fhoras trasleorann ar fad. Go praiticiúil, áfach, beidh dhá foras ann ag plé le cursáil teangacha – ceann don Ghaeilge agus ceann don Albanais Ultach. Sa reachtáiocht a chuirfidh rialtas na Breataine os comhair na parlaiminte i Westminister, déanfar cur síos ar an gceann Gaeilge mar 'Irish Language Agency'.

Beidh an áisíneacht seo scartha go hiomlán ón gceann don Albanais Ultach. Reachtáilear trí Ghaeilge í. (Ní léir fós cén teanga riarracháin a bheas in úsáid ag an áisíneacht don Albanais Ultach.)

Go dlíthiúil, áfach – agus i súile na n-aontachtóirí oifigiúla – foras amháin a bheas ann don teanga agus don iarchanúint de chuid Bhéarla na hAlban.

A new era for Irish

SIX cross-Border bodies will be set up under the terms of the Belfast Agreement – Inland Waterways; Food Safety; Trade and Business Development; Special EU Programmes; Languages (Irish and Ulster Scots); and Aquaculture and Marine Matters.

The bodies will be answerable to the North-South Ministerial Council which is also being set up under the Agreement. This will function in a manner similar to intergovernmental EU bodies such as the Council of Ministers.

For example, board members of the Languages body will be appointed by the Minister for Arts, Heritage, Gaeltacht and Islands and by the Minister for Culture, Arts and Leisure in the North. These two ministers will meet regularly through the North-South Ministerial Council to review progress on language matters and other areas of mutual interest.

According to the Trimble-Mallon Statement of the 18th December last, the Languages body will operate as follows: "One body with two separate parts, with the following functions: **Irish Language** – promotion of the Irish language; facilitating and encouraging its use in speech and writing in public and private life in the South and, in the context of Part 111 of the European Charter for Regional or Minority Language, in Northern Ireland where there is appropriate demand;

"advising both administrations, public bodies and other groups in the private and voluntary sectors;

"undertaking supportive projects, and grant-aiding bodies and groups as considered necessary; undertaking research, promotional campaigns, and public and media relations;

"developing terminology and dictionaries;

"supporting Irish-medium education and the teaching of Irish.

Ulster Scots – promotion of greater awareness and use of Ulans and of Ulster Scots cultural issues, both within Northern Ireland and throughout the island."



Céard a bheas san fhoras nua?

Uinsíon Mac Dubhghaill

DHÁ áisínteacht a bheas san fhoras nua teangacha, a deir foinsí éagsúla sa státhóras - ceann don Ghaeilge agus ceann don Albánais Ultach. Beidh an dá cheann neamhspleách go hiomlán ar a chéile, agus is trí mheán na Gaeilge a bheas an ceann Gaeilge ag feidhmiú. Beidh a phríomhfeidhméannach féin ag an dá áisínteacht, ach ní bheidh príomhfeidhméannach ag an bhforas féin. Go fiú an tuarascáil bhliantúil, beidh dhá chuid nó dhá thuarisc éagsúil inti, a deirtear.

Go deimhin, ní bheidh ach foireann riarracháin an-bheag ag an bhforas féin - rúnáí agus b'fhéidir duine nó beirt eile. Meastar go mbeidh idir deichniúr agus cúigear déag le heartú don fhoras, de bhreis ar an 30 duine atá ag obair do Bhord na Gaeilge cheana féin.

Tá na socruthaile uile ag brath ar chinneadh polaitiúil, agus tharlódh sé go n-athrófaí iad ag an nójmead deireanach. Ach faoi mar a sheasann rudáí faoi láthair, meastar go mbeidh ceannáras an fhorais ag 7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath - ceannáras Bhord na Gaeilge faoi láthair - agus go mbeidh oifig eile i mBéal Feirste ina mbeidh an fhoireann nua ag obair.

Tá caint ann chomh maith go mbeidh fo-oifig ag an bhforas i nDaire, agus ceann eile i Luinneach, cé nár chuala mé an chaint sin ó fhoinsé ar bith sa stáitseirbhís.

Bord de 24 duine a bheas ag an

bhforas. Astu sin beidh 16 duine a bhainneann le cursaí na Gaeilge, naonúr ón Deisceart agus seachtar ón Tuaisceart. Tiocfaidh an dream seo le chéile leo féin mar bhord don áisínteacht Ghaeilge.

Ceapfar ochtar comhalaí don fhoras a bhainneann leis an Albánais Ultach, cúigear ón Tuaisceart agus triúr ón Deisceart. Ar an gcaoi chéanna beidh siadsan ar bhord ar leith dá n-áisínteacht siúd. Tiocfaidh an 24 duine le chéile uair nó dhó sa bhláin do chruinnithe foirmiúla an fhorais.

Socrúidh an dá áisínteacht a gcuid ainmneacha féin, d'fhoínn argóintí a sheachaint.

Go dtí seo is faoin struchtúr reachtúil is mó a bhí na stáitseirbhísigh ar an dá thaobh ag plé. Tá méid áirithe oibre déanta faoi dhá cheist thábhachtacha eile - buiséad agus cursaí foirne - ach ní chuirfear meamram oifigiúil fúthu sin le chéile go dtí go mbeidh an reachtaíocht críochnaithe.

Meastar go mbeidh méadú 30% "ar a laghad" ar airgead na haisínteachta Gaeilge agus ar an airgead do na heagraíochtaí Gaeilge, agus go mbeidh buiséad an fhorais idir £10 milliún agus £13 milliún. Tá an Rialtas ag iarraidh go mbeidh coibhneas 70:30 ar an mbuiséad, 70% uathu féin agus 30% ón mBreatain, ach tá coibhneas 80:20 á lorg ag rialtas na Breataine.

Déanfar An Gúm agus an Coiste Téarmaíochta a cheangal nó a nascadh leis an bhforas, sa chaoi is gur féidir leis an bhforas na forálacha a bhainneann le

téarmaíocht agus le foclóirí a chomhlíonadh.

Aistreofar foireann uile Bhord na Gaeilge go dtí an foras nua - ní bheidh aon rogha ag na baill foirne ach aistriú, de réir a phríomhfeidhméannaigh, Mícheál Ó Gráigáin.

Deir foinse sa státhóras gur cheart go gcuirfeadh na hathruiithe brí agus fuinneamh nua i bhfoireann an fhorais. "Bheifeá ag súil go mbeadh suaitheadh réasúnta móra ann," a dúirt sé.

I nota eolais ón Roinn Ealaón, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán, deirtear go bhfuil na struchtúir nua "á meá" faoi láthair. "Tá sé i gceist go mbeidh an foras nua in áit in Aibreán, 1999, agus más é sin a tharlaonn, go mbeidh dualgais Bhord na Gaeilge súite isteach sa bhforas nua. Tá freagrachtaí eile á mheas freisin don gcuid seo den bhforas," a deirtear.

"Samhlaítear go n-athróidh foireann Bhord na Gaeilge chuig an foras nua agus go bhfanfaidh siad ina n-oifigí i mBaile Átha Cliath. Samhlaítear freisin go mbunófar oifig i mBéal Feirste agus go n-earcfar foireann di. Maidir leis an gcuid Ullans den bhforas, tá sé i gceist go mbeidh an phríomhoifig i mBéal Feirste."

An gcuirfidh an foras nua le *synergy* na teanga?

Uinsionn Mac Dubhghaill

AN FHORBAIRT is suntasáí le 21 bliain, ó tháinig Bord na Gaeilge ar an saol." Sin an cur síos a dhéanann príomh-fheidhmeannach an Bhoird, Mícheál Ó Gruagáin, ar an bhforas nua.

Dar leis go mbeidh méadú 50% "ar a laghad" de dhíth ar fhoireann an Bhoird má tá an foras nua chun a dhualgaisí a chomhlíonadh go héifeachtach - go háirithe os rud é go mbeidh sé ag plé le "scannal náreach" na bhfoclóirí as seo amach.

Luann sé an réamhscolaíocht mar ghné den saol ar a bhfuil forbairt mhór sa Tuaisceart le blianta beaga anuas. Tá moladh aige don fhuinneamh atá i ngluaiseachta na teanga sa Tuaisceart, agus ceapann sé go gcruthóidh an nasc idir an dá chuid den thír *synergy* briomhar don teanga. "Ach níl mé ag glacadh leis go mbeidh an fuinneamh ag dul in aon treo amháin," a deir sé.

Tá an Gruagánach sásta go bhfuil idirdhealú an-soileir déanta ídir an dá chomhthéacs teanga thuaidh is theas - gur cosaint ar stádas bunreachtúil na teanga atá ar siúl ó dheas agus gur cearta teanga faoin gCairt Eorpach do Theangacha Mionlaigh agus Réigiúnacha an comhthéacs sa Tuaisceart. "Bhí fáitios airithe ann go mbeadh aon róshimplíú ar an gcomhthéacs," a deir sé.

Níl chuile dhuine chomh sásta céanna leis an gcaoi a bhfuil rudaí ag titim amach, áfach. Agus É ag scríobh sa cholún *Beocheist san Irish Times* le déanaí, dúirt bainistícoir Fhorbairt Feirste, Pilib Mac Cathmhaoil:

"Ní imreoir eile ar an pháirc atá uainn ach réiteoir cothrom a stílraídh cluiche glan do na himreoirí atá ann cheana féin agus réiteoir a thabharfaidh cuidiú d'imreoirí nua teacht isteach - imreoirí ó gach cilí agus ceart."

Deir foilsitheoir an nuachtáin *Lá*, Gearóid Ó Cairealláin, go bhfuil eagla ar lucht na Gaeilge ó thuaidh go gcruthófar "leagan tuisceartach" den mbaorlathas.

teanga atá sa Deisceart. Ar an taobh eile, a deir sé, tá daoine eile a cheapann go bhfuil seans móra ann dul i bhfeidhm ar an státhóras ó thuaidh ar bhealach nár bhí fhéidir a shamhlú roinnt blianta ó shin.

Ba ar bhonn tográ aonair a tharla an chuid is mó de na forbairt teanga i mBéal Feirste le blianta anuas – an nuachtán, an bhialann, an compántas drámaíochta agus mar sin de. Beidh an chaoi a ndéileálfar leis na tográ seo agus tuilleadh nach iad ina teist mhaith ar eifeacht an fhórais nua, dar leis.

An "tromlú" atá air ná go mbreathnófar ar *Lá agus ar Foinse*, agus go socrófar nach bhfuil an t-airgead ann ach chun ceannamhán diobh a mhaoiniú. Maidir leis an gcompántas drámaíochta Aisling Ghéar, bhí sé ag "barcadh allais fuar" nuair a chuala sé go raibh Comhairle Ealaón Thuaisceart Éireann i ndiaidh deontas £10,000 an chompántais a ghearradh.

Ritheann sé leis go bhfuil amharclann Ghaeilge i mBaile Átha Cliath, Amharclann de hÍde, a fhaigheann thart ar £100,000 sa bliaín (tagann an t-airgead seo ó gComhairle Ealaíon agus ó Bhord na Gaeilge). Tá cúpla ceist aige. An bhfuil sé i gceist gan ach an t-aon amharclann ghairmiúil i nGaeilge a mhaoiniú feasta? Más ea, an i mBaile Átha Cliath nó i mBéal Feirste a bheas sí?

**'Níl mé ag glacadh leis
go mbeidh an
fuinneamh ag dul in
aon treo amháin'**

PLÉADH MOLTAÍ faoin bhforas ag tionól a d'eagraigh Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge an mhí seo caite. Tá inní ar oifigigh na Comhdhála go n-aistreofar maoiniú na n-eagraíochtaí deonacha Gaeilge ón Roinn go dtí an foras nua - go deimhin, ba mhaith léi go n-aistreofaí maoiniú Ghaelscoileanna ó Bhord na Gaeilge go dtí an Roinn.

Moltar freisin "gur airgead breise a bheidh i mbuiséad an fhoraí agus nach mbeidh cur i gcéill i gceist mar a bhí le hairgead an Chraonchuir Náisiúnta".

Tá an Chomhdháil agus Pobal, an scáthghráupa nuabhunaithe sa Tuaisceart, ag iarraidh go mbeidh sé de cheart ag na



Micheál Ó Gruagáin . . . an mbeidh sé
ina phriomhfeidhmeannach ar an
bhforas nua?

heagraíochtaí deonacha formhór na gcomhalaí ar bhoird an fhoraíais a ainmniú, agus "gur daoine le liofacht Ghaeilge agus le taithí phraicticiúil ar chur chun cinn na Gaeilge a cheapfar mar chomhalaí".

Moladh conspóideach amháin - ar Chearnóg Mhuirfean, pé scéal é - atá ag an gComhdháil ná "nach gcaithfear níos mó ná 10% de bhuiséad an fhiorais ar thuarastal agus ar riarrachán".

HUG CATHAOIRLEACH Ghlór na nGael, Peadar Mac an Iomaire, léargas eile ar imní na hearnála deonaí nuair a labhair sé ag fogaírt torthaí Ghlór na nGael le déanaí (Báth Cairn a thug an chraobh leo).

Dúirt sé: "Tá sé tábhachtach go mbeadh iompar agus buanú Gaeilge á gcur chun cinn i dteannta le sealbhú Gaeilge ag an mbord nua seo. Cialláinn sé sin gur den riachtanas é go mbeadh obair na gcomhaltaí boird agus obair an fheidhmeannais trí mheán na Gaeilge. Mura mbeidh sin amhlaidh, beidh cíú tubaisteach i ndán don Ghaeilge ar an oileán seo.

"Ba mhaith liom go dtuigfí go bhfuil sé riachtanach go mbeadh acmhainní réadúla ar fáil do na heagrás agus grúpaí a bhfuil cur chun cinn na Gaeilge ar a n-aire acu, agus nach mbeifi ag iarraidh teacht i dtír ar an deonachas ná ar an diograis phearsanta atá ag daoine agus go bhfuil a n-am agus a n-allas tugtha saor in aisce acu do chur cinn na teanga le blianta fada.

"Má bhíonn acmhainní ag an eagrás nua le déáiléadh orthu siúd atá gníomhach ar an talamh i geur chun cinn na Gaeilge, tá sé tábhachtach nach mbeadh an t-eagrás seo ag cruthú iomaíochta leis na daoine seo ach go mbeadh sé ann le lámh chúnta, spreagadh, saineolas agus tacaíocht phraicticiúil a thabhairt."

Coláiste Íosagáin, Baile Mhuirne . . . tá caint ann go lonnófar an foras nua oideachais san fhoirgneamh seo. Bhí Coláiste na Tríonóide i gceartlár Bhaile Átha Cliath sa tóir ar an bhforas, ach is beag seans atá acu faoin Aire Oideachais atá anois ann. (Féach chomh maith an tuairisc speisialta ar Ghaeltacht Mhúscraí, Ich 19-21.)

Gealltar dhá fhoras don ghaelscolaíocht

Uinsíonn Mac Dubhghaill

CEANN de na ceisteanna ba chonspóidí a bhí le socrú faoin bhforas trastearann nua ná an bhaint a bheadh aige le cúrsaí oideachais, go háirithe an t-oideachas lánGhaeilge. Le seachtainí beaga anuas, áfach, tá an chosúlacht ar an scéal go bhfuil deireadh leis an gconspóidí áirithe sin.

Le tamall de bhlianta anuas ba chnámh spairne an-mhór sa Deisceart é an t-éileamh ar fhoras oideachais ar leith don ghaelscolaíocht agus do na scoilanna Gaeltachta.

Ní rún é go raibh achrann fiochmhar ar siúl idir Bord na Gaeilge agus an eagraíocht Gaelscoileanna maidir leis an éileamh: Gaelscoileanna ag troid ar son forais ar leith don ghaelscolaíocht agus an Bord ag iarraidh go mbunófaí struchtúr tacaíochta do mhúinteoírí Gaeilge sna gnáthscoileanna.

Tháinig deireadh leis an achrann áirithe sin le déanaí nuair a chinn an Ríaltas ar chomhréiteach a thugann rud éigin don dá dhream. Faoi Mhír 31 den Bhille Oideachais nua, bunófar foras tacaíochta don ghaelscolaíocht ach beidh

teagasc na teanga sna gnáthscoileanna faoi réir ag fochoiste dá chuid.

Deir feidhmeannach Ghaeilge Jacqueline Ní Fhearghusa, go bhfuil siad "thar a bheith sásá" leis an socrú nua.

'Beidh dhá fhoras nua ann don ghaelscolaíocht, agus beidh an foras trastearann ann chomh maith'

Deir príomhfheidhmeannach Bhord na Gaeilge, Mícheál Ó Gráigáin, go bhfuil seisean sásá leis an socrú chomh maith.

Bhí imní áirithe ar lucht Ghaeilge agus ar Eagraíocht Scoileanna Gaeltachta go dtí le gairid, áfach, maidir lena raibh i ndán do Mhír 31, agus foras eile – an foras nua trastearann – á bheartú ag an am céanna.

Luaitear mar chúram don fhoras trastearann go mbeidh air 'tacaíocht a thabhairt don oideachas lánGhaeilge agus do theagasc na Gaeilge'. Ba é an t-imní a bhí orthu go sloganí a bhféirín siúd

isteach sa bhforas nua trastearann.

"Ní tharlóidh sé sin," a deir foinse sinsearach sa státhóras atá gar do na cúrsaí seo. Mheabhráigh sé dom go bhfuil sé i gceist go mbunófar comhairle don oideachas trí Ghaeilge sa Tuaisceart, mar chuid de na socruite a leanann Comhaontú Bhéal Feirste, agus go bhfuil ordú oideachais chuige sin faomhaithe cheana féin.

Mar sin, beidh dhá fhoras nua ann don ghaelscolaíocht, agus beidh an foras trastearann ann chomh maith. Cuirfidh an foras trastearann comhairle ar fáil maidir leis an ngaelscolaíocht, agus seans go mbeidh baint aige le comhordú a dhéanamh idir an dá fhoras eile, ach ní bheidh baint dhíreach aige leis an obair, dar leis an bhfoinse seo.

Dhá straitéis éagsúla atá á leanacht ag an dá eagraíocht, Gaelscoileanna agus Gaeloiliúint, sna cúrsaí seo. Tá Gaelscoileanna ag suíl leis an bhforas nua oideachais, ach teastaíonn uaidh fanacht neamhspleách air agus leanacht dá chúram sainiúil féin – gaelscoileanna nua a bhunú agus comhairle a chur orthu.

Ar an taobh ó thuaidh den Teorainn, áfach, tá Gaeloiliúint dóchasach go sloganí isteach sa státhóras iad, agus gurb iadsan, go praiticiúil, a bheas i mbun an fhoraí nua gaelscolaíochta ansin.

Is cosúil gur mar sin a bheas sé. Deir foinse sinsearach ó roinn stáit eile atá bainteach leis an idirphlé seo go mbeidh Gaeloiliúint "lárnach" sa 'Council for Irish-Medium Education' atá le bunú ó thuaidh.

'Ní bheidh sé cosúil le Bord na Gaeilge'

Chuir Cuisle roinnt ceisteanna ar an Aire Stáit, Éamon Ó Cuív, faoin bhforas nua trastearann. Seo mar a d'fhreagair sé.

Cuisle: An 'Bord na Gaeilge, Marc a Dó' a bheas ann?

Éamon Ó Cuív: "Tá sé sin mícheart ar fad. Beidh foras as an nua ar fad [ann], bunaithe idir an feidhm-eannas ó thuaidh agus an rialtas ó dheas. Is fíor a rá go gcaithfidh foras a bheith ann, mar ní fhéadfadh an dá stát an rud a reachtáil ar bhonn uile-Éireannach gan fhoras de shaghas éicint. An dara rud atá fíor ná go gcaithfear postanna a thabhairt do na daoine atá foistaithe cheana féin i mBord na Gaeilge. Ach taobh amuigh den rud gur foras a bheas ann agus go mbeidh an dream atá ag obair i mBord na Gaeilge foistaithe ag an bhforas nua, mar chuid den fhoireann, taobh amuigh de sin níl aon chosúlacht ann.

Cuisle: An mbeidh sé de rogha ag foireann Bhord na Gaeilge aistriú go dtí an foras nua nódul áit éigin eile sa státhóra?

ÉOC: Ní bheidh aon rogha ag an bhfoireann ach aistriú go dtí an foras nua.

Cuisle: Mar sin, nach gciallaíonn sin gur Bord na Gaeilge faoi chulaith nua a bheas ann?

ÉOC: Bheadh sé sin cosúil len a rá, nuair a thagann rialtas nua i gcumhacht, ó tharla gurb iad an fhoireann chéanna sa státseirbhís a bhíonn ag obair, go bhfeidhmíonn an Roinn faoin Aire nua mar a chéile is a fheidhmíonn sí faoin seanAire. Ar ndóigh ní mar sin a bhíonn.

Cuisle: Tá inní ar an gComhdháil agus ar dhreamanna eile go mbainfear dá neamhspleáchas má bhíonn a gcuind airgid ag teacht tríd an bhforas, seachas ón Roinn faoi mar atá faoi láthair. An mar sin a tharlóidh sé?

ÉOC: Má tá rud ar bun ar

bhonn 32 contae, níl aon bhealach leis an airgead a focach tríd an bhforas.

Cuisle: Ach céard a tharlóidh má bhíonn raic acu leis an bhforas? Nach fearr go mbeadh an t-airgead ag teacht go díreach ón Aire?

ÉOC: Bhuel, má bhíonn raic

tógáil, agus tá gach seans nach mbeadh na tuaisceartaigh sásta go mbeadh na príomhphostanna tugtha amach de réir *rate*, agus go dteastódh uathu siúd go gcuirí na postanna sin amach ar tairiscint nó ar fhógra poiblí. Mar sin, níl an

ngabhfadh cibé cén té atá i gceannas ar uiscebealaí go huathoibreath i mbun an fhorais uile-Éireann [sin] . . .

Ar ndóigh ní dóigh liomsa go mbeadh aon ghlacadh ag na haontachtóirí leis sin mar bheadh siad ag déanamh amach go raibh muid ag cruthú an t-imní is mó atá orthu, sé sin gur *takeover* náisiúnta atá ann in ainm eile.

Is dóigh liom go bhfuil cuid de na daoine atá ag caint air seo ag tógáil dearcadh atá an-saonta faoi cé chomh mór is a bheas sé seo ina thosach nua

'Tá cuid de na daoine atá ag caint air seo ag tógáil dearcadh atá an-saonta faoi cé chomh mór is a bheas sé seo ina thosach nua'

acu leis an Aire, níl tada is féidir leo a dhéanamh.

Cuisle: Mothaíonn cuid acu níos compordaí leatsa ná leis an mBord.

ÉOC (ag gáire): Tá fioráthas orm é sin a chloisteáil, ach ar ndóigh beidh dream a bhfuil spéis agus eolas agus scil acu i gcúrsaí Gaeilge i mbun an fhorais agus mar sin ní fheicimse go mba cheart go mbeadh cuí imní ón taobh sin de acu.

Cuisle: An mbeidh an foras nua ina 'iomaitheoir agus réiteoir' in éineacht, faoi mar atá Bord na Gaeilge faoi láthair?

ÉOC: Tá an cheist sin tógha ag na heagraíochtaí Gaeilge go mion liom, agus d'íarr mé aighneacht orthu agus tá mé ag súil leis sin. Má tá fadhbanna mar sin ag cur as do għluiseach ta Gaeilge, ciante tógfar iad sin ar bord agus déanfar ciante de go ndéanfaí iad sin a fhreagairt - más fadhbanna dliseanacha iad - go ndéanfaí iad a fhreagairt sa leagan amach nua a bheas ann.

Cuisle: An bhfógrófar post an phríomhphost?

ÉOC: Ní féidir liom a rá ag an bpointe seo. Tá comhráití ar bun i láthair na huairé agus tá sé an-deacair bheith ag caint ar rud atá mar ábhar comhráite. Tá an cheist sin le

cheist sin socruthie.

Is cinneadh polaitiúil [a bheas ann] atá níos leithne ná an foras Gaeilge. Mar shampla, tá uiscebealaí faoin Roinn s'againe. Is ar éigean go nglacfaí leis ó thuaidh go



**Le cloisint i mBalle Átha Cliath
ó lár Chinn Trá go Átha Luain
go Cill Mhanntáin
seacht lá na seachtaine**

Éist le . . .

**'Rogha Ceoil' le Fachtina Ó Drisceoil
– 8 i.n. Dé Sathairn**

**'Ábhar Calinte' le Ian O'Keeffe
– 3 i.n. Dé Domhnalgh**

**'Bella Ciao' le Tony Kirby
– 7 i.n. Dé Máirt**

Against the odds tiny Cúil Aodha in west Cork will see out the millennium as a living Gaeltacht. **Diarmuid Johnson** walked the glen and listened for ancestral voices

'Ní ionam ach ball de chorp sin mo shinsir'

LEATHPHARÓISTE i nGaeltacht Mhúscraí i gCorcaigh thiar is ea Cúil Aodha. Neadaithe i sléibhte Dhoire na Sagart ar theorainn Chiarráit atá sé, áit a n-éirionn abhainn an tSuláin. De réir an tseanchais, báiti duine sa Sulán uair sna seacht mbliana. 'Is mise an Sulán fuar, fada, fireann. Anois an t-am, cá bhfuil mo

dhuine?' Is ionai seanchosán sléibhe isteach go gleann Chúil Aodha, ach ar thiomáint duit go Baile Bhúirne ar an mbóthar ó Chill Áirne go Magh Chromtha, cas thar an droichead ag Ostán an Mhuillinn - na Mills - agus lean ort siar. 'Dé bhur mbeatha go Cúil Aodha', arsa an comhartha mór. 'Déantar gnó trí Ghaeilge anseo', arsa an comhartha beag in Oifig an Phoist.



19 ►

Séipéal, halla pobail á athchóiriú, seangharáiste, agus cnuas beag tithe, sin é lár an bhaile. Bunscoil nua, dhá mhonarcha agus páirc sacair in aice láimhe. Tithe idir shean agus nua thall is abhus istigh faoin sliabh ar gach taobh, leacht chuimhneacháin, agus áit díolta trailors. Ait go leor, níl aon teach

Is fíor sin faoi Ghaeilgeoirí Chúil Aodha. Tuigeann siad nach neart go cur le chéile.

Dearcadh na nÓg

IS CHUIG Coláiste Ghobnatan i mBaile Bhuirne - an Tech - a théann 220 de dhéagóirí Mhúscraí. Is coláiste lánGhaeilge atá ann. Ochtar muínteoirí déag atá ann. Tá gairmscoil i mBéal Átha an Ghaorthaigh freisin. Rinne Páid Ó Murchú, príomhoide Choláiste Ghobnatan, cur síos ar dhearcadh na ndaltaí i leith na Gaoluinne:

"Ní dóigh liom go bhfuil mórán suime ag déagóirí Mhúscraí sa Gaoluinn. Tá Gaoluinn ag cuid acu sa



Campa samhraidh i gCill na Martra anuraidh

ósta ar an mbaile, agus ní fheicim comhartha B+B.

Má théann tú go Cúil Aodha, is fearr a bheith i muinín na gcos. Feicfidh tú an talamh cois abhann faoi luachair is faoi aitinn. Beagán beithí is caorach thall is abhus, gan aon rian den churadóireacht, *bales* mhóra is clúdach *plastic* orthu, agus fógra sa seangharáiste: 'ní ghlactar le freagras as timpistí'.

Ag siúl na háite duit, cloisfidh tú roiseadh na gaoithe sa gcoill agus an fiach dubh ag glaoch. Cloisfidh tú Béarla na háite agus Béarla Shasana, seans. Agus cloisfidh tú ann Gaoluinn bhlasta chomh maith.

Tá 2,327 duine fásta i nGaeltacht Mhúscraí de réir an daonáirimh. Trian díobh seo, 704 duine, a labhraíonn Gaeilge gach lá. Tá 150 díobh i gCúil Aodha. Cé gur pobal beag atá iontu, is pobal fuinte, dlúth atá iontu. 'Níl ionam ach ball de chorp sin mo shinsir,' arsa an scribhinn ar uaigh Sheáin Úi Ríordáin i gCill Ghobnatan.

Labrosse, oifigeach.

Tá suas le tríocha togra ann a bhfuil láimh ag an Údarás iontu i Múscraí agus gan mórán difhhostaíochta ann dá bharr. Ach níl ann sin ach cuid den scéal. Léiríonn na figiúirí gur nós leis an aos óg an áit a fhágail.

Titim 4.5% a bhí ar dhaonra iomlán Mhúscraí ó 1986 go dtí 1996. Sin i gcomórtas le hardú 5% ar dhaonra Chontae Chorcaigh. Ach is titim 20% a bhí i ndaonra na hóige.

Tá go leor de mhuintir Mhúscraí ag obair i gConamara i dtionscal na teilifise. Orthu sin tá Máirín Ní Riordáin, Colm agus Cormac Ó hAodha, Maidhcí Ó Súilleabhaín, Máire Ní Dhuinnín, Molly Ní Dhrisceoil, agus Eoghan Ó Riada. "Nuar a bhíomarna i gCúil Aodha, bhí an bheirt againn ar an dól," arsa Margaret Úi Riada, bean chéile Eoghain. "Tá sé uafásach an méid daoine óga atá ag fágáil an cheantair," arsa Anne Labrosse.

De réir suirbhé a rinne Ollscoil Chorcaigh ar dhaltaí na hArdteiste i Múscraí i 1997, bhí ar intinn ag 80% díobh oideachas tríú leibhéal a fháil, agus ba mhaith le 60% díobh obair san áit tar éis dóibh cailíocht a bhaint amach. Faoi bhun 20% áfach a chreid go n-eireodh leo teacht ar ais agus slí bheatha a fháil.



bhaile, ach ní labhrann siad le chéile í. Is eisceacht é Cúil Aodha."

Tá raidhse Gaoluinne ag déagóirí Chúil Aodha. "An léann tú *Cuisle*," arsa mise le duine díobh, Sarah-May Hamilton. "Ní léimse puinn Gaoluinne dáiríribh." "An mbreathnaíonn tú ar TnG?" "Dhera, Gaoluinn Chonamara ar fad athá ar TnG."

Fostaíocht

IS EAGRAS é Meitheal Forbartha na Gaeltachta (MFG) a ndéanann an scéim Eorpach ADM (Area Development Management) maoiniú air.

Craobh de MFG is ea Meitheal Mhúscraí. Osclaíodh Ionad Áise Mheitheal Mhúscraí go hoifigiúil i Réidh na nDoirí mí Aibreáin seo caite. I measc na n-áiseanna san ionad, tá an tIdirlíon, leabharlann, agus lárionad teangeolaíoch do na coistí áitiúla. "Dírionn Meitheal Mhúscraí ar na grúpaí is laige sa gceantar," arsa Anne

Coláiste Íosagáin

MÍLE NÓ dhó ó Chúil Aodha, trasna an tSuláin ar bhóthar Chill Áirne, tá Baile Bhuirne. Ceantar dhátheangach atá i mBaile Bhuirne, an Béarla in uachtar ann. "Tá an-chuid Gaoluinne sa Ghaillimh, ach ní bhíonn deis againne í a chealadh," arsa bean an tí liom Tigh Úi Chonaill.

Is i mBaile Bhuirne atá Coláiste Íosagáin. Tógadh Coláiste Íosagáin sna tríochaidí. Is coláiste ullmhúcháin a bhí ann, agus scoil chónaithe go dtí 1989. Reachtáladh Gael-Linn coláiste Gaeilge ann. Ní raibh aon úsáid á bhaint as ar feadh tamall de bhlianta go dtí gur cheannaigh Údarás na Gaeltachta é bliain go leith ó shin ar £525,000.

Tá 41 acra talúna leis an gcoláiste. Tá an áit le cóiriú agus forbairt le déanamh air. Seo ceann de na tográ



forbartha is mó a beartaíodh riamh i Múscraí, nó go deimhin i nGaeltacht ar bith.

Tar éis don Údarás an coláiste a cheannacht, rinneadh plé le hOllscoil na hÉireann, Corcaigh, agus le Institiúid Theicneolaiochta Chorcaigh maidir leis an bhfeidhm ab fhéidir a bhaint as.

Is ar chúrsaí oideachais agus oiliúna a díriodh. I measc na rudaí a cuireadh san áireamh, bhí an cianoideachas, na hilmheáin, agus an tecneolaiocht

faisnéise. Ciallaíonn sin gur ag smaoineamh ar fho-ionad oideachais d'institiúid tríu leibhéal atáthar, cuir i gcás.

I Meán Fómhair seo caite, shocraigh an tÚdarás, i gcomhar le UCC, comhairleoirí neamhspleácha a phostú leis na 'féidireachtaí' a mheas. Chuir Deloitte & Touche dréacht-thuarascáil le chéile, agus tá sí sin á léamh. Tionólfar cruinniú sa Mártá leis an tuarascáil a phlé agus an chéad chéim eile a mheas.

Tá sé curtha ar a suíle ag an Údarás don Roinn Oideachais go bhfuil Coláiste Íosagáin i seilbh eagrais stáit

feasta, agus go bhfuil deis ann don Roinn tairbhe a bhaint as sin. Ba mhaith leis an Údarás go mbeadh an coláiste ina thacaíocht don Ghaeilge san oideachas.

Pé tograí oideachais a bheidh lonnaithe sa gcoláiste sa deireadh thiar, beidh dhá thionóna nó trí ann agus tograí dá gcuid féin idir láimha acu. Roghnófar na tionónaí sin faoi Mheán Fómhair. Tá seacht nó ocht dtogra éagsúla á meas faoi láthair.

Socraíodh le deireanas go mbeidh oifig réigiúnda an Údarás i Múscraí á aistriú go Coláiste Íosagáin, cé nach spás mór a bheidh ann dó.

Tógfar 17 muileann gaoithe sa ghleann

TÁ SEACHT déag de mhulte gaoithe fe 'fágáin' i gCúl Aodha. Is mbalta fearainn buse MHóir taobh ó thuaidh den Stéan a bheldh sna.

Is meadar ar aitris ó thuairim go bóis na meiceoga a mbheitheadh é de na mhláit, agus sindéar 40 meadar sa gcuilleála. Tusaíomh is 120 meadar dubhach coimcríte a théacafonadh ar mian uachtáin meadar ar leithread a shocru.

Júnio gur féidir an tábhar bogaile a lompar go dtí an scíovadh, déanamh fortuit ar bhótharín foraois a thagarn an leas an N22, bóthar Chathair Áirne.

Tá costas ag ballst teorainn diffeoireachta seo, agus is ceist eile an bhfuil i gceist bráid maithe a thugáil. I gCúl Aodha sunscríb anseo. Is facháil na hundre, nó a fatháil de phisean ann.

Is dóigh le comhlacht Potergen, comhlacht a dhéanann an obair thugála, go miontar leathnúilíntí punt páipítear na hofbrite a thógráidin na mhláite gaoithe i gCúl Aodha.

Tá tuairim is níos gorm d'fhearradhach gaoithe - windforms - in Éirinn reas láthair, i ndiaidh na mbláth, i gCorcaigh, i Ros Comáin, i Liatroim, i Muileann Eo, agus i nGallarus i lár ? agus 20 MW an dearbh a chuireann i n-foirmíocháin, ar feadh.

Togfaidh fós móré ar an náisiún gaoithe gan mbláth. Ansin cheann deich miliúna, is déag i le lucht an tionscail agus mbláth idir 50 agus 100 faoin gaoithe sa bhru. Faidh ina dhiaidh 500 agus 1,000 kW a bhru. Tá an tionscail ag níos mó leathnú ag na mhláite gaoithe, 4,500 MW ar a ngréasán, cosd a tháipéarán gur díocháil gur fuaimeannach gaoithe a bhfeidh + 10% - 20% d'eis méis ina hírcearraí fudh-choscáil miliúna.

Tá an toir seo ar son dícheall le foráid an tionscail ar a mbláth. Tá sé de spinoch ag denarsa na gaoithe crua le 10% d'abhléis an domhain a chuir an t-fil baile roibhair, 1990.

Maastricht, Amstardam: blianta cinniúnacha don Aontas Eorpach. Bliain chinniúnach eile is ea 1999, bliain an euro, arsa Maolmhaodhóig Ó Ruairc

Géarchéim airgid sa Bhruiséil

1 BHÍ AN tAontas Eorpach beo ar luach an euro le tamall anuas. Fad a bhí an euro fós á bheartú, b'ionann é agus cistin a chur isteach sa teach. Go dtí go raibh an chistin istigh b'fhearr gan smaoineamh ar na seomraí eile. Ón 1 Eanáir 1999, tá an euro ann. Níl sé ina airgeadra laethúil fós, ach ní fada go mbeidh.

2 Ní féidir leis an aontas dul i bhfolach laistiar den euro a thuilleadh. Tá an chistin istigh. Ní mór aghaidh a thabhairt ar na seomraí eile a athrú nó a dheisiú.

Is é an chéad chinneadh tábhachtach eile atá le déanamh ná an buiséad don aontas a shocrú. Tá a thogra féin déanta ag an gCoimisiún Eorpach agus tá sé le fáil faoin teideal *Agenda 2000*. I bhfolach faoin teideal sin, tá an meascán mearáí is casta dár thug an t-aontas faoi riamh: tá an comhbheartas talmhaiochta agus na cistí réigiúnacha le hathchóiriú, agus thar gach ní, tá an buiséad féin le hathchóiriú.

3 Tuigtear go bhfuil uair na cinniúna ann anois. Mura ndéanfar an buiséad a athchóiriú, beidh pléascadh ann gan mhoill. Tá an combbheartas talmhaioch-ta á chúngú leis na blianta ach ní mór é a chúngú tuilleadh. Agus tá an t-aontas tar éis tú a chur le méadú an aontais. Má thagann na hiarrthóirí nua uile isteach san aontas, beidh méadú 33% ar an daonra, agus gan ach méadú 4% ar an olltáirgíocht intíre. Theastaigh ón gcoimisiún trian (33%) sa bhreis a chur leis an mbuiséad. Ní theastaíonn ón triúr mór, An Breatain, an Fhrainc agus an Ghearmáin, ach go dtiocfadh méadú



air a bheadh ar aon dul leis an mboilsciú – difear 10-13%. Tá teannas le brath idir na ballstáit maidir le a bhfuil le socrú.

4 Ceapann an Ghearmáin go n-iocann sí an iomad don buiséad. Iocann sí ceithre huaire níos mó ná aon bhallstát eile, agus deich n-uaire níos mó ná an Breatain, mar shampla. Toisc go bhfuair an Breatain lacáiste mór i 1984, tá ábhar imní aici siúd go mbeidh uirthi níos mó a ioc amach anseo. Mura bhfaighidh an Ghearmáin lacáiste dá cuid féin anois agus mura n-athrófar lacáiste na Breataine, ní mór caiteachas an aontais a ghearradh síos go mór, nó beidh ar thíortha eile níos mó a ioc. Sa chás sin ghearrfaí síos go mór ar na síntíúisí réigiúnacha agus

bhainfi na putóga as an gcomhbheartas talmhaiochta. Bheadh Éire agus an Iodáil ach go háirithe thios leis.

5 Mar bharr ar an donas, is ag an nGearmáin atá an uachtaráinacht sa chéad tréimhse de 1999. De ghnáth, bionn an t-uachtaráin ina mholtóir, nó ina réiteoir. Tá sé in ainm is a bheith neodrach. Cad é mar is féidir leis an nGearmáin bheith ina cathaoirleach neodrach agus, san am céanna, a bheith ag iarraidh an t-aontas agus buiséad an aontais a mhúnlú de réir a tola féin?

6 Murar leor na fadhbanna inmhéan-acha a bhaineann leis an mbuiséad féin agus na fadhbanna seachtracha a bhain-eann leis na brúgrúpaí talmhaiochta agus eile, tá fadhb pholaitiúil sa bhreis: beidh na togcháin don Pharlaimint Eorpach ann i Meitheamh 1999. Tá cruinniú den Chomhairle Eorpach beartaithe sa Bhruiséil sa Márt. Beidh an feachtas togchánaiochta ar tí tosú faoin am céanna. Beidh gach rialtas ag iarraidh a fhód féin a chosaint, go háirithe chomh fada is a bhaineann leis an bhflaitheas náisiúnta. Más cosúil go bhfuil suaimhneas ann anois is suaimhneas bréagach é.

1 luach - value; á bheartú - in the pipeline; airgeadra laethúil - daily currency.

2 laistiar - taobh thiar; cinneadh - decision; an buiséad - the budget; togra - project; meascán mearáí - hotchpotch; comhbheartas talmhaiochta - common agricultural policy; cistí réigiúnda - structural funds; athchóiriú - rearrange.

3 uair na cinniúna - hour of destiny; pléascadh - explosion; cúngú - tighten up,

narrowed down; iarrthóirí - applicants; daonra - population; olltáirgíocht intíre - gross internal output; boilsciú - inflation; teannas - tension, unease; ballstáit - member states.

4 an iomad - an iomarca; lacáiste - reduction; caiteachas - expenditure; síntíúisí réigiúnda - regional aids; bhainfi na putóga as - would be cut to shreds.

5 mar bharr ar an donas - to make

IRISH PROVERBS

sayings, blessings, curses, etc.



SEANFHOCAIL
seanfhocal, seanrás, seanraingt, etc.

Tinteán na 21ú haoise

CD-ROM snasta dhá-theangach is ea Seanfhocail, atá foilsithe ag an gcomhlacht ríomhair-eachta Fios Feasa. Tá seanfhocail, seanráite, beannachaí is mallachtaí air, agus tá sé oiriúnach do ríomhairí Windows agus Macintosh.

Tá 501 seanfhocal ar an CD-ROM, iad ar leibhéal éagsúla cumais ó ramta casta fileata anuas go dtí 'Dia dhuit', agus iad roinnta ina 72 ábhar. Cuirfidh cainteoír cumasacha suim sna ráite is fileata agus sna nótáí gramadaí a thugann eolas ar stair na bhfuaiméanna is na bhfocail. Bainfidh foghlaimeoír tairbhe as na noda bunúsacha gramadaí as Béarla, agus as blas na gcainteoír dúchais atá le cloisteáil ann.

Faoi mar a bheifeá ag súil leis ar CD-ROM, cuirtear an t-ábhar i láthair ar bhealach tarraingteach

atá éasca le láimhseáil. Deir lucht a dhéanta, Máirtín Mac Oiste agus Maitias Mac Cáirtheáigh:

"Chífidh tú an seanfhocal as Gaeilge is as Béarla, agus cloisfidh tú cainteoír dúchais á rá. Luigh ar chnaipe arís chun teacht ar Mhíniú, nó ar Ghramadach, nó ar Chabhair. Dein sprioc de na cinn is fearr leat fein chun teacht arís orthu gan dua. Téir ag pórseáil go mbainisidh tú amach scéalta béaloideseasa, nó ceol aoibhinn cláirsí is dulcimer, nó féiríní beaga gan coinne."

Tá Seanfhocail ar an gcéad teideal de shraith CD-ROMs dhátheangacha atá "idir chamánaibh" ag Fios Feasa i gCorca Dhuibhne. Tá siad ag obair ar CD-ROM ar stair na hÉireann, agus ar cheann d'foghlaimeoirí na Gaeilge. Eolas: 066-52465.

matters worse; **réiteoir** - arbitrator; **in ainm** is a bheith neodrach - supposed to be neutral; **a mhúnlá de reir a tola** - shape according to her will.

6 fadhbanna innitheáinacha - internal problems; **seachtracha** - external; **brúgrúpaí talmaiochta** - agricultural pressure-groups; **toghcáin** - elections; **beartaithe** - set; **feachtas toghcánaiochta** - electoral campaign; **flaitheas náisiúnta** - national sovereignty; **suaimhneas** - calm.

BUAITEOIR NA MÍOSA

Céard is ciall le: díth chéile? COMHGHAIRDEACHAS le Nolwenn Le Dissez. Plastast, An Fhraing, a bhuaigh comórtas na míosa seo caite. *Celibacy* an freagra a bhí á lorg againn. Tá síntíus bliana ag cul do Nolwenn.

Tá muid bufoch dár léitheoirí uile a chuir larratais isteach ar an gcomórtas. Ba é freagra Nolwenn an chéad cheann a piocadh anfis as hata.

SCIORRADH PINN

Gach mí, foilsíonn Cuisle sliocht próis le scribhneoir cumasach. Más beag leabhar Gaeilge a léann tú, tá súil agaínn saothair mhaithe a chur ar do shúile duit. Más móré do dhúil i léamh na Gaeilge, ach gan fios agat céin taobh a geasaídh tú, tá súil agaínn gur treoir duit a bheas i rogha Cuisle. Seo é an séú sliocht.

DING le Seán Mac Mathúna
An Comhlacht Oideachais

BHAINEAS AMACH barr na leacan mar a raibh scata maith leamhán tar éis an galar a thógaint. Bhí crann acu leagtha agus lomtha, agus m'athair gan aon léine air ag tiomáint leis go raibh an crann nach móré oscailte aige. Bhí sé báite in allas, gal ag éirí dá dhroim agus gan aon bheann aige ar ghoimh an aeir. D'fhágas an fleasc tae in aice leis ar an talamh is thugas na Carrolls dó a cheannaigh mo mháthair dó. Féachaint níor thugamar ar a chéile agus b'shin é an fáth gur thit na toitíni isteach sa scoilt. Ní foláir nó bhog a chos an crann mar chomh luath is a chuir sé a lámh isteach, dhún béal na scoilte air de phlab is d'fháisc air. Chuala cnámha na láimhe á mbriseadh agus gach aon bhéic as ag gearradh an aeir i mo thimpeall.

'Sheinn siad orm, mo léan orthu!'

Thiomáin béiceanna m'athar gach aon splanc céille as mo mheabhair mar cad a dheineas ach breith ar láimh air is cromadh ar é a tharraingt as. Thit sé i bhfanntais láithreach. Siúd ar fud na háite mé ar thuairisc na ndingeanna, ach chuaigh diom.

'Fóir orm,' a ghlaos in ard mo chinn ach bhí fuar agam mar bhí an chabhair ba ghaire dúinn dhá mhíle síos an cnoc uainn.

Bhaineas amach - I reached barr na leacan - the top of the ledge

leamhán - elm trees

galar - tinneas

tiomáint - driving (wedges into the elms)

nach móré - almost

báite in allas - covered in sweat

gan aon bheann aige ar -

unaffected by

goimh an aeir - the biting air

scoilt - crack

ní foláir nó - must have

béal na scoilte - the opening of the crack

de phlab - with a bang

d'fháisc air - crushed it

Sheinn siad orm - they've sung (on me)

mo léan orthu - mo mhallacht orthu

gach aon splanc céille - an chiall ar fad

Thit sé i bhfanntais - he fainted

Siúd ar fud na háite mé - I raced around

ar thuairisc na ndingeanna - searching for the wedges

chuaigh diom - I had no success

Fóir orm - cabhraigh liom

bhí fuar agam - it was no good

ba ghaire - the nearest

COMÓRTAS

Céard is ciall le: duine forbheartach?

somebody who is being overworked

a dynamic individual

a parcel-sorter

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Seo é an séú comórtas: Cuisle

do shara leat má tá síntíus agat cheann a piocadh anfis as hata.

Leagan Cainte

Ag tarraigting na gcos

Liam Mac Con Iomaire

CÉARD A CHEAPANN an painéal den leagan: 'Ag an bpointe ama seo?' Ní cheapann siad móran de mar gur aistriú ón mBéarla é ar leagan atá nua go maith sa teanga sin féin. Bheadh ciall leis dá bhfágfaí an focal 'ama' as agus 'Ag an bpointe seo' a rá, ach b'fhearr leo 'Anois', 'Anois direach', 'Faoi láthair' nó 'I láthair na huaire'. Chomhairligh Eibhlín do dhaoine a bheith cúramach gan an dá leagan deireanacha sin a mheascadh agus gan 'Faoi láthair na huaire' a rá.

Céard faoi 'Ar an bpointe'? Ciall eile atá leis sin agus is ionann é agus 'láithreach': 'Déan anois ar an bpointe é' nó 'Déanfaidh mé anois ar an bpointe boise é'. Luadh leaganacha nádúrtha eile a bhfuil 'pointí' iontu: 'Beidh sí anseo pointe ar bith anois' nó 'pointe ar bith feasta' agus is ionann sin agus 'gan mhoill'. Luadh leagan a húsáidear faoi shochraidi: 'Tá an tsochraid ag sroichint an tséipéil ar phointí an ama seo (timpeall an ama seo). Bhí an painéal sásta leis na 'pointí' sin.

Pointí Airgid

An nglacfaidh an painéal leis seo: 'Cá bhfuil an t-airgead ag teacht as?' Ní ghlacfaidh. 'Cá has (Cé as) a bhfuil an t-airgead ag teacht? nó 'Cad as atá an t-airgead ag teacht?' a mholfaidís, agus cheap Seosamh Ó Cuaig go mbeadh sé níos nádúrtha 'Cá bhfuil siad ag fáil an airgid?' nó 'Cén áit' (Cá háit) a bhfuil siad ag fáil an airgid?' a rá. D'aontaigh Eibhlín agus

Dónal leis.

Dúirt sé nó Dúirt siad?

'Dúirt an Rialtas i ráiteas a d'eisigh sé inniu...' An nglacfaidh an painéal leis

Dhá thrian den
damhsa a
chosúlacht



s i n ?

Tharraing an cheist seo beagán cainte. Ní bheadh glacadh ar bith ag Seosamh Ó Cuaig leis an 'sé' agus creideann sé gur 'siad' ba cheart a rá, ó tharla go bhfuil daoine éagsúla sa rialtas. Dúirt Dónall Ó Baoill go mbraitheann sé ar an

dearcadh atá agat ar an rialtas, ach go mb'fhearr leis féin 'siad' freisin ó tharla nach aon rud amháin é an rialtas, dar leis. B'fhearr le Eibhlín 'sé' a úsáid mar gur 'le toil a chéile a dhéanann siad é agus cuireann an rialtas ('sé') amach é'. Tarraingíodh anuas cnuasainm eile, 'foireann' agus d'aontaigh an painéal ar fad gur 'siad' a déarfaí le foireann agus nach 'sí': 'D'imir siad go maith', mar shampla. Luadh 'An Pharlamint' agus 'An Eaglais', dhá chnuasainm eile, agus bheadh sé níos éasca ag an bpainéal glacadh le 'sí' sa dá chás sin.

M h e a b h r a i g h
Seosamh Ó Cuaig dúinn
ansin nach dtagann aon ráiteas
ón Eaglais, mar pé ráiteas a
thagann nach 'ón Eaglais' a
thagann sé.

Ag moilleadóireacht

Dá mbeadh rialtas na Breataine ag moilleadóireacht faoi phróiseas na síochána, an bhféadfaí a rá go raibh siad 'ag tarraigting na gcos'? Ní bhfaigheadh Eibhlín 'aon locht' air agus ní bhfaigheadh Dónal 'ró-locht' air. Tá an leagan 'tarraigting na gcos' ag Seosamh ach níl a fhios aige an ón mbaile a fuair sé é nó ó áit éigin eile. Chuala sé an leagan á úsáid faoi phróiseas na síochána agus ní bhfaigheadh sé féin aon locht air ach an oiread.

(Ar chlé) Seamas Ó Dubháin i mbun damhsa
pic: Nutan

In éineacht le Liam Mac Con Iomaire ar an gelár Leagan Cainte ar Raidió na Gaeltachta, binn Eibhlín Ni Mhuircheartaigh, Seosamh Ó Cuaig agus an Dr Dónal Ó Baoill. Binn stíl le cloisteáil ar an

An Seanduine Dóite (I)

*Comhairle a fuaireas-sa amuigh ar an mbóthar
Ó rógaire sagairt an seanduine a phósadh,
Is gur chuma leis siúd ach go méadóinnse a phóca!
Is go mbeinnse faid a mhairfinn ag brath ar na comharsain.*

(Curfá) Is ó dhera sheanduine leatsa ní ghabhfadha,
Ó dhera sheanduine loscadh 'gus dó ort,
Ó dhera sheanduine leatsa ní ghabhfadha,
Is dhá mbeinnse i mbéal dorais ná beirimse beo ort!

Má phósann tú seanduine pósfaidh tú cladhaire,
Fágfaidh sé a bhalcaisí romhat ar an staighre,
'S nuair a éireoidh sé ar maidin beidh sé a' cnáimhseáil le
cladhareacht,
Agus siar sa tráthnóna ag seimint go meidhreach.

Dá bhfaighfinnse mo sheanduine báite i bpoll móna,
Cos aige briste is a chnámha a bheith leonta,
Do thabharfainn abhaile é 'gus dhéanfainn é a thórramh,
Agus bhuaileann amach leis na buachaillí óga!

*Chuasa go Corcaigh ag triail ar ghleas tórraimh,
Piopa, tobac agus cláraча comhra,
At mo theacht dom abhaile go tinn tuirseach brónach,
Cá bhfaighfinnse mo sheanduine ach ag róstadh muiceola.*

*Chuireas-sa mo sheanduine síos ins a' chomhra
Ag ithe min choirce, is ag sloganadh min eorna,
Do cheanglaíos a chosa do chinncíní a' chomhra,
Agus siúd iad na cearda ag priocadh a thóna!*

An Seanduine Dóite (II)

*Chuir mise mo sheanduine isteach ins an choirnéal,
A ól bainne ramhair is a dh'ithe aráin eorna,
Dá gcuirfeadh sé a cheann amach bhainfinn an tsrón de,
Agus d'fhágfainn an chuid eile ag na cailíní óga.*

(Curfá) *Orú 'sheanduine, 'sheanduine dhóite,*
Orú 'sheanduine, is maírg a phós tú,
Orú 'sheanduine, 'sheanduine dhóite,
Luigh ar do leabaidh 'gus codlaigh do dhóthain.

*Chuir mise mo sheanduine go sráid Bhaile an Róba,
Cleite ina hata agus búclai ina bhróga,
Bhí triúr á mhealladh is bhí ceathrar á phogadh,
Is chuala mé i nGaillimh gur imigh sé leofa.*

Dá mbeadh a fhios ag mo sheanduine ó mar a mbímse,
Ag ól is ag imirt le hóigfhir na tíre,
Le héirí na gealaí go mbripleadh sé a phiopta,
Agus bhuaileadh sé faic dena bhruig ins a' ghriosaithe.

*Dá bhfaigheadh mo sheanduine an ní a ba chóir dó,
Greamannaime agus greamannafeola,
Íochtar na cuinneoge is prátaí rósta,
Bhainseadh sé gliogar as na cailíní ópa!*

Dá bhfeic sé mo sheanduine ar uair an mheánoiche,
A chos ar an bhac aige 's é a' deargadh a phiopa,
Gur cosúil le slat mara a dhá lorga chaola,
Is mura ndéanfadh sé ansin é, ní dhéanfadh sé choiche é!

Dá bhfaighfinnse mo sheanduine báite i bpoll móna,
Cos a bheith briste, is a lorga leonta,
Bhéarfainn 'na bhaile é agus shinfinn faoi chlár é,
Agus shiúlfainn amach leis na buachaillí óga!



AN BÉAL BEO

Antaine Ó Faracháin

*Mais mian leat i bhítar a chur faoi bhráid Antaine ná
ceist a chur air faoina bhfuil ráite, euir ríomhphost
chruige ag cuiسلطنت timet.ie ná scol níos isteach
chruige faoi chórán Caisle, Casla, Co. na Gaillimhe.*

Sean-Nós Cois Life

Is é an craollóir Seosamh Ó Cuairg a chuirfeas túis leis an bhféile Sean-Nós Cois Life leis an láeacht, 'Séamus Ennis i gCarna'. Beidh sé ar siúl Déardaoine 8 Aibreán ar 8 p.m. in Ambarclann Helen Roe, Cearnog Muirdean.

Ar na himeachtaí eile in ionaid éagsúla beldh seisiún scéalaíochta le Cáit Bab Feirίtear; seisiún amhránaíochta le club amhránaíochta an Ghóilín; ranganna amhránaíochta agus damhsa ar an sean-nós; agus óiche amhránaíochta i gclub Chonradh na Gaeilge. Cuirfear clabhsúr ar an bhfeile tráthnóna Dé Domhnaigh le seisiún Tigh Hughes ar Shráid na Seanraíseachta.


Forbairt na Gaeltachta...

.....

*Forbairt chultúrtha, shóisialta agus
thionsclaíochta na Gaeltachta -
sin é cúram Údarás na Gaeltachta*

*Tá páirt duitse san obair
thábhachtach seo!*

.....



Údarás na Gaeltachta

Na Forbacha, Gaillimh. Tel: (091) 503100 Fax: (091) 503101
riomhphost: eolas@udaras.ie http://www.udaras.ie



An creól atá sa teanga labhartha feasta? Ar chóir glacadh leis an dátheangachas sa litríocht fhoirmiúil? An bhfuil sé in am teacht ar thuiscintí nua ar céard is dúchas ann? Chuir Liam Ó Muirthile ceisteanna gruama ar lucht na héigse meidhrí i gCathair na Mart.

Cé dó an litríocht chomhaimseartha?

AN CUID d'fheidhm litríocht na Gaeilge sainiúlacht Bhéarla na hÉireann a choimeád éagsúil, insaothraithe, suplálte, mar mheán liteartha domhanda? Chun go n-aithneofaí é thairis Béarla Saint Lucia nó Béarla aon iarchoilínacht eile?

B'shin ceann de na ceisteanna a chuir an file Liam Ó Muirthile, agus é ag caint ag Scoil Gheimhrídh Merriman i gCathair na Mart le gairid. *Cuise le hÉigse téama na scoile i mbliana*, agus staid litríocht na Gaeilge a bhí faoi chaibidil ag cainteoír éagsúla. Seoladh an leabhar Cá bhfuil Éire? le Stiofán Ó Cadhla (anailís ar aistí próis Sheáin Uí Riordáin) le linn na sciole.

Chuir an Muirthileach ceisteanna bunúsacha faoi chaighdeán na litríochta comhaimseartha. "Cé dó an litríocht seo?" a d'fhiatraigh sé. "Cé a dhearbháonn gur litríocht í? An leor an dé a choimeád sa teanga phobail chun freastal ar na gnéithe áirithe den saol gurb é mian mhuintir na hÉireann le fada an lá

gurb iad is mó a fhreastalódh orthu i nGaeilge: Raidió na Gaeltachta; TnaG; pinsín salainn den teanga; suaitheantas-afocht; an tÁr nAthair ar saoire thar lear; agus *craic?* "Nach fior go bhfuil cuid mhór de Bhéarla na hÉireann lán chomh foirfe, chomh *hinniúil* mar mheán liteartha, agus é á labhairt ag pobail théagartha le fada an lá: Béarla chathair Chorcaí; Béarla Loch Garman, mar shampla?"

Mheas sé go raibh "cinneadh bunúsach" le déanamh maidir leis an treo a fhéadfadh litríocht na Gaeilge a ghabháil amach anseo, go hárithe agus athruithe oillmhóra ag tarlú don teanga labhartha. Más fior gur "créol" í an teanga labhartha feasta, b'fhéidir "go gcaithfidh gnéithe den fhriotal liteartha scarúint leis an dteanga stairiúil, agus friotal dá cuid fhéin a chruthú as an nua.

"Tharlódh gur scarúint chomh cinniúinach a bheadh inti agus a tharla nuair a chinn lucht na hAthbheochana san aois seo caite slán a fhágaint ag na hársaitheoirí. Fiú más créol cruthaitheach an toradh, cothromáiocht oilte idir

dhá theanga sa drámaíocht, i ngnéithe den bprós, agus i réimeanna áirithe den bafilocht.

"Ar a laghad bheadh sé inniuil ar ghnéithe den saol a ionramháil, agus pobal a bhaint amach, ar shlite atá an litríocht ag teip glan ar é dhéanamh fé láthair.

"Mara bhfuil ar bun ag litríocht ach buanú sainiúlchaitaí teangan nach bhfuil de shainiúlacht leo ach scáileanna na staire, táimid i gcuachás ceart. Caint bheo na Gaeltachta agus mo dhá chluais fhéin, ceann le dúchas agus ceann le hoiliúint, is fearr a d'inis riamh domsa dul an fhriotal liteartha. Colún a scríobhas le déanaí san *Irish Times* ar chréol nua na cathrach is mó ar fad a luagh daoine liom a bhí léite acu. Spreag sé litir ó scoláire, fiú, ag ceartú mo chuid Gaeilge!" a dúirt sé.

FOILSÍTEAR anseo sleachta áirithe as an léacht 11,000 focal a thug an Muirthileach ag an scoil. Ábhar machnaimh iad d'aon scríbhneoir comhaimseartha.

'I always drill for the dry September'

Liam Ó Muirthile

Mes mots ne se chargent pas de réalité charnelle. J'écris, je parle français du dehors.

- an scríbhneoir Ailgéireach, Assia Djebbar, agus í ag cur síos ar a hiarrachtaí an grá a chur in iúl sa dara teanga.

'FUIL AGUS feoil' an tslí atá agamsa chun *réalité charnelle* a chur i nGaeilge. Tuigim go maith cad tá sí a rá. Mianta a chur trí fhocail. Croí a chur iontu...

Tharla go rabhas féin ag féachaint i bhfoclóir Uí Dhónaill ar an bhfocal *fuil* agus chonac an nath: 'Chuir sé mo chuid fola agus feola trína chéile'; 'it made my blood boil, it horrified me'.

Nath is ea é. B'fhéidir gur sár-nath é. Dá gcloisfeá é á rá ar Raidió na Gaeltachta nó ar Theilifís na Gaeilge i dtaoibh eachtra éigin, amach as béal

duine le brí, anam agus paisiún, nó go ciúin féin, b'fhéidir go dtógfá ceann de.

Mar chraoltóir bheifeá buíoch go raibh cainteoir chomh maith sin aimsithe agat, go raibh an teanga acmhainneach ar bheith ina finné iontaofa saoil. Dá ndéanfá do mhachnamh air, déarfá gur léirigh an líne cumas dúchais réamhfhoclaich seachas briathardha na teangan chun gníomh a chur in iúl.

Dá gcloisfeá ó scéalai é, ó sheancháí, déarfá gur an-scéalai é siúd, sár-sheancháí ise. Dá gcloisfeá ar stáitse é á rá ag aisteoir, é ag cur a chuid fola agus feola féin isteach sna focail, na focail ag gabháil trína chuid fola agus feola féin, déarfá gur an-líne í sin...

Is cinnte go gcaitheann aon chumadóireacht nua a bheith ag luí le dúchas na teangan. Sé

sin más ag plé leis an dteanga stairiúil atáimid.

Níl an dúchas naofa. Níl in aon dúchas ach an athnuachan a deintear as an nua ar an ndúchas, an fhuil agus an t-állas a chaitear ó lá go lá le saothrú na teangan, í ag gabháil chuici *réalité charnelle* an tsaoil agus na samhlaochta.

Ceann de na slite chun an dúchas so a athnuachan ná é chur as a rioc, ar an gcoinnfoll go mbíonn fhiros age duine cad iad na rialacha atá sé ag briseadh - agus cad ar mhaithle leis!

Ach le bheith firinneach fén scéal is mar seo atá. Nathanna ón bhfoclóir a bhíonn á gcaitheamh chugainn níos minic ná a mhalairt. Bímid buíoch go minic má bhíonn sé sin fhéin á dhéanamh go slachtmhar, tuisceanach. "Chuir sé alltacht orm" nō "Chuir sé an-fhearg orm" an

leagan is dóichí ar fad de *Chuir sé mo chuid fola agus feola trína chéile a chloisfeá nó a léifeá*. Níl locht ar bith air sin...

Foclóir na fola

ANOIS, ceann de bhunáiseanna, de bhunuirílísí an scríbhneora, an foclóir. Ach os ár geomhair ar an leathanach tá an nath fós ina nath ar an leathanach mílitheach. Níl aon fhuil, gan trácht ar bhrú fola fós ann. B'fhéidir gur ag pórseáil sa bhfoclóir atá an scríbhneoir agus an focal *fuil* ina cheann. NÓ b'fhéidir gurb é an focal *blood* atá ina cheann.

Tagann sé ar an nath. B'fhéidir go ngabhann sé chuige é. B'fhéidir gurb é seo ceann scriibe an dáin, fuascailt an ailt go bhfuil sé ag plé leis. Tá sé aimsithe aige ar leathanach gan fuil ná feoil i bhfoclóir. ➤ 29

*Bí i gcuideachta
David La Touche
agus siar leat tríd an
stair leis...*



Scéal na Baincéarachta

IONAD EALAÍON BHANC NA HÉIREANN

*The Story
of
Banking*

IONAD EALAÍON BHANC NA HÉIREANN

*Is musaem
idirghníomhach i
gcroílár Bharra an
Teampaill atá i
Scéal na
Baincéarachta.*

UAIREANTA OSCAILTE

Máirt go hAoine:

10am - 4pm

Satharn:

2pm - 5pm

Domhnach:

10am - 1pm

CEAD ISTEACH

Daoine Fásta: £1.50

Mic Léinn: £1.00

Grúpaí a bhfuil áirthint
déanta acu: in aisce

ÁIRTHINT

Dé Máirt agus Déardaoin:

Níl cead cuairte ar an
musaem ach acu siúd a
bhfuil áirthint déanta acu.

Guthán: 671 1488

Tá eolas ar chlár cultúir an
Bhainc le fáil ó Ionad
Ealaíon Bhanc na hÉireann.
Cuir glaoch ar: 661 5933.



Banc na hÉireann

IONAD EALAÍON
Plás Foster, Baile Átha Cliath 2

Go deimhin, thuaírimeonn – ar chuid den méid atá léite agam i nGaeilge – gur ag lorg sí úr chun *it made my blood boil* a bhíonn cuid de scríbhneoirí na Gaeilge. Má bhíonn.

Níl locht ar bith air sin, más i mbun austriúcháin atá duine, nó i mbun tráchtairreacht iris-eoireachta. Bheadh an cheard-aiocht le moladh. Ach scéal eile ar fad an scríbhneoirreacht chruthaitheach, agus daoine, abraimís, á gcur ina mbeatha.

Fuil agus feoil, croí, corp agus anam na daonnachta a chur iontu. Nó meafar á thabhairt chun críochnúil-achta, go mbeimis tar éis bualaigh le ful agus feoil cheana ann.

Sí an cheist ná: an nathaocht seachas filiocht a bhíonn ar bun ins an bhfiliocht, nathaocht seachas prós suinte sa scríbhneoirreacht chomhaimseartha? Má sea, an



Áine Úi Cheallaigh agus Dolly McMahon ag Scoil Gheimhridh Merriman

pic: Mayo News

leor bunús na nathaochta chun corpus fuaimintíúil liteartha a chruthú?

Féadann an file anam a chur

i nath, beag beann ar chainst, ar phobal, ar fhoclóirí, ach é san aerspás sin gan toirt a mhéáchain fén níos mó, nuair ná meánn brobha faic, nuair a chanann a spiorad i mbun filiochta.

Féadann an file anam a chur i nath, nuair is í an phráinn mhothálach sin a thiomáin-eann é, nó cnap ciúin an bhrón nuair ná meánn faic ach friotal a chur ar an mbrón, an brón a rá.

Féadann an file anam a chur i nath, go hárhasach san adhmhaidin i dteannta leanáin, agus na giorraithe ag filleadh abhaile ó nightshift.

Féadann an file anam a chur i nath trí phaidir a dhéanamh dá dhán. Féadann an t-ardscríbhneoir é dhéanamh le buillí inneonach i gceárta na scáileanna.

Is féidir réimeanna teangan a chleachtadh san iriseoirreacht, sa dioscúrsa poiblí, sa dioscúrsa acadúil a chuireann nathanna sa timpeall agus arbh fhéidir go ndéanfáil filiocht diobh ar ball. Ná bac filiocht, ní bhíonn buncheardaíocht idir láimh i móran den scríbhneoirreacht, ach saghas *croquet* teangan an chuid is fearr de, á cnagadh trí na fáinní. Bheadh níos mó dealraimh, fén, le *croquet* . . .

Tobar a thriomaigh

AR FEADH seacht nó hocht imblíana, d'éiríos fén as dánta a scríobh, tar éis foilsíú an dara cnuasach *Dialann Bóthair*. Ní bheadh sé ar chumas file an

Friotal Uí Mhuirthile

CEANN de ghnéithe bunúsacha na scribhneoirreachta seo ómhaobhsa de, ná go gcaitheann saol seachtrach an úrsceíl freagrairt go mothálach do staid inmheánach an charactair – sé sin go bhfreagraíonn an saol anama agus an saol amuigh dá chéile. Agus caitheann plabail agus scioib sceab na teanga, a cuid buncháillíochtaí, an mianach lena gcuirtear é seo in iúl, cuilithíni a aimsiú sa phobal léitheoirreachtá.

Má théann do charactar isteach i *scrappyard* réalaioch nó aon 'aioch' eile, mar shampla, caitheann leitheoirí nō éisteoirí go deimhin a chreidiúint go bhfuilid ann, go bhfuil an carn piopáí copair ansiúd, agus na bállanna snámha ón leithreas anso agus go gcloiseann siad an madra ag tafann ar bharr chruch na gcapbháileacha gluaisteáin, chomh maith le lucht an *scrappyard*.

'Bhíos ann', an moladh is mó a fuaireas-sa riamh ar mo chuid scribhneoirreachtá próis. Nil a thuilleadh le rá ina dhiadh sin.

fhiliúchta a thréigean, fiú munambéadh sé ag scríobh faic, ach féadann an fhoinsí ionsparáide triomú. Thriomaigh mo thobar. Ag an am thíos an cheann d'fhearr a tháinig chun tobar nua a dhruileáil dom ar an gCnoc Gorm.

Bhí an feasras, gabhlóig sailí, ina dhá láimh aige. Seo leis. D'aimsigh sé an fhoinsí. Shocraíomar an áiríte sin troithe ar doimhneacht, agus an praghas. Dhruileáil sé triocha nō daichead troigh de bhries ar an méid a bhí socraithe, agus bille dá réir.

Cad a thug ort dul chomh doimhín sin, arsa mise leis? "I always go for where two streams of water cross over each other. I always drill for the dry September."

An triomach tar éis samhradh brothallach. Bhí dán ansan, ach b'fhearr liom an scéal a insint. Ní imíonn éinní áfach gan a rian a fhágaint. Is áilanois liom an tsamhail a fheiscint mar dhá shruth teangan.



Eagarthóir Cúisle

I dtús an fhómhair cuireadh túis le réabhlóid nua i bhfoilsitheoirreacht na Gaeilge. Tá croí *Cúisle* ag preabadh go láidir ó shin, scéalta móra agus beaga á bhfoilsíú inti, le leagan amach tarraigteach agus dearadh úr.

Anois, agus síneadh ar an lá, tá Eagarthóir nua á lorg againn chun an réabhlóid seo a thabhairt céim eile ar aghaidh. An tusa an duine chun an dúshlán seo a chur i gcrích?

Iriseoir le taithí fhairsing agus an-tuisint ar an saol atá de dhíth. Beidh scileanna maithe cumarsáide agus bainistíochta ag an té a cheapfar, fíos ar leith aige don iris, agus ardchumas Gaeilge.

Más spéis leat teacht ar bord línn seol do CV chugainn, le cur síos gairid ar na spriocanna a bheadh agat agus tú i mbun oibre mar Eagarthóir *Cúisle*.

Seol d'iarratas chuig:

An Rúnaí,

Foilseacháin an Phobail Teo,

An t-Eastát Tionsclaíochta,

Casla,

Co na Gaillimhe.

Nó cuir ar an ríomhphost é chuig:

cúisle@tinet.ie

Spriocdáta: 19 Márta



DHÚISIGH RUA i lár na hoíche. Bhí solas sa gcisteanach. D'éirigh sé, chuir sé air a chuid slipéirí, agus síos staighre leis.

"An bhfuil rud éicint cearr, a Mháirín?"

Bhí cuma na himní ar Mháirín.

"Tá Nua tinn," arsa sí. Bhí Nua ina luí sa gciseán, agus pluid air.

"Dia linn," arsa Rua, "céard atá air?"

Chrom sé síos, agus leag sé bois ar éadan Nua.

"Tá sé te."

"Tá," arsa Máirín, "tá fiabhras air."

"Caithfidh tú glaoch ar an dochtúir," arsa Rua.


Níor dhúirt Máirín tada.

"Beidh deoch bainne te againn," arsa Rua.

Bhí an bainne ólta nuair a bhualíl an dochtúir ar an doras. D'oscail Máirín an doras, agus tháinig aer fuar na hoíche isteach. Bhí cóta fada ar an dochtúir, agus cloigeann maol air. Leag sé a chásá ar an mbord.

"Tá fiabhras ar Nua," arsa Máirín.

"Mm, tuigim," arsa an dochtúir.



Rua agus an D

Chrom sé ar Nua agus chuimil sé a bhaithis.

"Caithfidh mé

thermometer a chur ina bhéal."

Lig Nua cnead as nuair a



ochtúir

chuir an dochtúir an thermometer ina bhéal.

"Ní ghortóidh sé thú," arsa an dochtúir.

"An créatúr bocht," arsa Rua agus Máirín.

"Tá teocht ard air," arsa an dochtúir, "ach níl sé an-

ard ar fad. An raibh sé amuigh sa bhfuacht is sa mbáisteach?"

"Ní dóigh liom é," arsa Máirín.

Għlan Rua a scornach.

"Bhí sé amuigh aréir ag fiach ar luchain," arsa sé go mall.

"Céard?" arsa Máirín, "amuigh ag fiach ar luchain?"

"Caithfidh sé fanacht ar a leaba go ceann trí lá," arsa an dochtúir, "bainne te a ól, agus gan dul amach go ceann seachtaine."

D'imigh an dochtúir ansin.

Niġi Rua na gloineacha. Bhí an teach fuar agus bhí codladh air arís.

"An raibh Nua amuigh aréir?" arsa Máirín nuair a bhí an dochtúir imithe.

"Bħuel," arsa Rua go mall, "sílim go raibh."

"An diabħailin," arsa Máirín, agus leag sí bois ar a cheann.

Mhúch sí solas na cisteanaí, agus chuaigh Rua ar ais chuig a leaba sa għluid. Bhí an tine ag dul as, agus solas na gealaí ar an bhfuinneog. Is gearr go raibh Rua ina chodladh go sámh . . .

(Ar lean an mhí seo chugainn)

The Government is unlikely to make any significant changes to the official Gaeltacht boundaries, even though census figures show low levels of spoken Irish in many Gaeltacht areas, writes Uinsíonn Mac Dubhghaill


Ní bheidh aon athrú mór ar theorainn na Gaeltachta

NÍL SÉ i gceist ag an Aire Stáit sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán, Éamon Ó Cuív, aon athrú suntasach a dhéanamh ar theorainneacha na Gaeltachta – ainneoin na hanailísé ar an daonáireamh a foilsfodh i gCuisle na míosa seo caite.

Tá 139 toghcheantair sa Ghaeltacht oifigiúil. I gcás 68 díobh – beagnach a leath – labhraíonn níos lú ná 20% den daonra fásta an Ghaeilge go laethúil, de réir anailís Cuisle.

Ina measc tá na toghcheantair ina bhfuil Bearna, Magh Cuilinn agus an Achréidh ar an taobh thoir de chathair na Gaillimhe; formhór mór na dtoghcheantar Gaeltachta i gCo Mhaigh Eo; na ceantair ina bhfuil Ailt an Chorráin, An Clochán Liath, Port Nua agus Leitir Mhic an Bháird i dTír Chonaill; an chuid is mó de Uibh Ráthach; an tSráidbháile agus an Baile Dubh i gCorca Dhuibhne; Ceann Droma agus Cill na Martra i nGaeltacht Mhúscraí; agus Ard Mhór is Baile Mhac Airt i gceantar na Rinne.

Go gairid tar éis díunn an anailís a fhoiliú, chuir an t-irisceoir Seán Ó Curraoin agallamh ar an Aire Stáit ar Raidió na Gaeltachta. San agallamh dúirt Ó Cuív nach raibh “aon bhunús teangeolaiochta” leis an éileamh go ndéanfaí na teorainneacha Gaeltachta a leasú ó bhonn. Go deimhin, b'ábar



sóláis agus dóchais dó cuid mhaith de na figiúirí a foilsfodh i gCuisle.

“Aon cheantar go bhfuil níos lú ná 15%, idir óg agus sean, ag labhairt na Gaeilge go laethúil – níl aon difríocht staitisticíúil idir na ceantair sin agus aon cheantar eile sa tir,” a dúirt sé. “Sa gcás áirithe sin is féidir a rá nach bhfuil aon blunús teangeolaiochta níos mó le iad a bheith sa nGaeiltacht.”

Dá mbainfí úsáid as an tsíol tomhais sin, is beag athrú a bheadh le déanamh, seachas corrcheantarimeallach a chur amach. Maidir leis na ceantair idir 15% agus 45%, a dúirt sé gur léir go raibh i bhfad níos mó Gaeilge iontu ná in aon áit sa Ghalltacht. Ceist pholasá a bhí ann céard ba chóir a dhéanamh faoi sin, ach mheas sé nár chóir iad a dhisbirt ón nGaeiltacht.

“An ceart a rá, ní fiú iad seo a shlánuí, ainneoin gur mhair siad ó siar sna 1960í leis an éagothromáfocht nó leis an níosmhaireacht neamhchoitianta teanga seo?”

Ait ar leith í Uibh Ráthach, dar leis. Is léir “ar an talamh” nach áit cosúil le gnáthcheantar tuaithe atá ann, ó thaobh na teanga de, cé go bhfuil an Ghaeilge

lag ann.

“An bhfuil muid á rá nach fiú an rud sin a chaomhnú? Nó an bhfuil muid á rá go bhfuil bunús lag ann ach bunús atá níos láidre ná an chuid eile den tír, agus gur cheart tógáil air sin – agus gurb é an rud a chuirfeadh leis an mbunús sin ná láidreacht na n-institiúid tacafochta teanga i measc an phobail?”

DÚIRT Ó Cuív san agallamh ar RnaG go mbeadh “próiseas gníomhach” ann maidir le leasú ar na teorainneacha, ach thug sé foláireamh uaidh gan a bheith ag suíl le haon leasú mór. Thug sé le fios chomh maith nach raibh aon staidéar mór teangeolaiochta á bheartú aige. “Is dóigh liomsa go bhfuil am an staidéir thart . . . an rud a theastaíonn ná gníomh.”

Ba ghá deis a thabhairt do phobailimeallacha a rá an dteastóidh uathu fanacht sa Ghaeltacht nó imeacht aisti. “Caithfidh muid a dhéanamh soiléir, má tá tú sa nGaeiltacht pléann tú le hÚdarás na Gaeltachta, pléann tú le Meitheal Forbartha na Gaeltachta, pléann tú leis na heagrás Gaeltachta.

“Téann tú chuit ag Roinn seo le haghaidh deontaisi spóirt is caitheamh aimsire. Beidh pleáiní teanga mar chuid den rud seo ar fad agus mun a dteastaíonn uait bheith páirteach, bhuel, is féidir leis an bpobal rogha a dhéanamh agus imeacht.”

NÍL aon dorán cíopeanna d'eagrán mhí Feabhrá de Cuisle – inar foilsiodh an analís chuimsitheach ar na figiúirí daonáireamh – fós ar fáil. Más mian leat ceann an ordú, cuir glaoch orainn ag 091 572077 nó cuir ríomhphost chuitg cuiisle@tinet.ie.

Ros Muc: Chomh Daingean le Tairne

Meta Uí Mháille

DE RÉIR na tuairisce in eagrán mhí Feabhra de *Cuisle*, labhraíonn 91.9% den phobal os cionn 19 bliain d'aois an Ghaeilge i Ros Muc. Tá sí ar an áit is saibhre sa tir ó thaobh na teanga dá réir seo.

Ach tá Ros Muc freisin ar an gceantar is measa as ó thaobh fostáochta. Meastú an bhfuil teachtaireacht san eolas seo dúinn? An bhfuil an teanga agus an bochtanas lámh ar lámh le chéile, agus an é sin an fáth a bhfuil an pobal seo fágtha gan fostáochta, gan infheistíocht síos tríd na blianta?

Is cúis mórtáis don phobal seo a bheith ar an bpobal is saibhre teanga sa tir, ach is beag cúis ceiliúrtha atá acu.

Is beag cúis ceiliúrtha atá ag na

hoibrithe i gCniotáil Ros Muc a bhfuil fógra faigthe acu go bhfuil an áit ag dúnadh, ná ag an bhfoireann a bhí ag obair do chomhlucht Ros Plas, a dhún ar an 8 Eanáir gan fógra ná a bpáigh a íoc leis an ochtar oibrit. Tá seachtain amháin páigh iochta leo ó shin ach tá níos mó ná sin ag dul dóibh agus níl mórán dóchais acu go n-iocfar é.

Tá monarcha eile, ina mbíodh príseáil feamaínn ar siúl, dúnma leis na blianta agus í ag titim óna chéile.

Tionóladh cruinní speisialta sa gceantar le déanaí faoin ngéarchéim fostáochta. Bhí an-díoma ar an bpobal nach raibh sé ar chumas chathaoirleach Údarás na Gaeltachta, Gearóid Ó Tuathaigh; an príomhfheidhmeannach, Ruán Ó Briic; ná ar Jim Reed, oifigeach



Meta Uí Mháille, oifigeach pobail le Pléaráca Chonamara

de chuid an Údarás a bhíodh ag déileáil leis na hoibrithe i monarcha Ros Plas, a bheith i láthair ann. Bhí Tadhg Ó Conghaile, oifigeach áitiúil, agus Máirtín Ó Conghaile, bainisteoir réigiún an iarthair, i láthair, chomh maith le ball tofa de bhord an Údarás, Pól Ó Foighil.

Dúirt an tAire Stáit, Eamonn Ó Cuív, a tháinig i láthair gar go math do dheireadh an chruinnithe, nach raibh – mar a chuir sé féin é – ‘aon mhála goodies’ ag teacht aige.

Is beag infheistíochta atá déanta ag an Údarás sa gceantar seo le scór blianta. Ba mhasla don phobal beag seo, atá ag snámh in aghaidh easa de bharr neamhaird an Údarás agus an Rialtais, a bheith ag caitheamh an mhilleán ar ais ar an bpobal faoin gcrúachás ina bhfuil sé, faoi mar a rinne Pól Ó Foighil ag an gcrúinní.

Tá an-chreidiúint ag dul don obair dheonach atá ar siúl ag coistí agus daoine aonair sa bpobal seo. Tá páirc nua peile gar a bheith réidh agus an halla pobail, an Chrannóg, deisithe. Tá ionad lae curtha ar fáil do na seandaoine agus taistéal á chur ar fáil go deonach, imeachtaí don óige á n-eagrú agus mar sin de.

Tá fadhbanna móra ag daoine áitiúla cead pleánála a fháil chun teach a thóigáil, cé nach mbíonn an fhadhb chéanna ag daoine ón taobh amuigh. Tá sé deacair freisin don ghnáthduinne teach ná suíomh a cheannach!

Tá go leor cainte faoi láthair faoi chreimeadh na teangan agus nach bhfuil aon toil pholaitiúil ann le dul i ngleic leis. Nár chóir go mbeadh cás speisialta á dhéanamh den phobal seo, agus an saibhreas teangan atá anseo a chothú, tré pholasáí ceart don cheantar a leagan amach agus a chur i bhfeidhm, infheistíocht, titíocht, áiseanna caithimh aimsire agus fostáocht bhuan le coinníollacha matthe oibre a chuirfeadh ar chumas an dreama óig fánaíocht ag baile agus caighdeán maireachtála a bheith acu?

Canúint na cumhachta

Diarmuid Johnson

IS CULTÚR nua atá i gCois Fharraige, cultúr an airgid. Is beag teach nach bhfuil an dara 's fiú an tríú carr ar an tsráid ann. *Microwaves*, reoiteoirí agus *videos* ag daoine a dtéadh a muintir cosnocht chun an chladaigh ag piocadh faochain. Ríomhphost ar an teallach áit nach mbíodh ach solas na gcoinnle.

Má tá athrú ar gach ní i gCois Fharraige, níor tharla athrú teangan. Don chéad uair leis na céadta bliain, tá meánaicme láidir tuaithe ann i gceantar Gaeltachta. Murach an mheánaicme seo, is beag seans a bheadh ann stop a chur le meath na Gaeltachta. Tá oideachas ar an meánaicme. Cleachtann siad léamh agus scriobh, léamh agus scríobh na Gaeilge fiú. Tuilleann agus caitheann siad a dtuarastail san áit, agus tá seasmhacht saoil acu.

Is millteanach an t-athrú ar Chois Fharraige atá san athrú aicme seo. Tá folús ann dá bharr. Ní cultúr meánaicmeach *per se* atá san áit. Níl aon áiseanna ann i gcomhair ealaontóirí. An beagán drámaíochta a déantar fós, is deacair léi gan a bheith scígíúil, paróistiúil. Is beag áit ar fad ar féidir éisteacht le ceol. Níl siopa leabhar ar bith i gCois Fharraige.

Ar an taobh eile den scéal, tá an

**Don chéad uair leis
na céadta bliain, tá
meánaicme láidir
tuaithe ann sa
Ghaeltacht.**

seanchultúr ionann is imithe. Ní insítear an scéal fiannaíochta. Castar corr-amhrán, ach go foirméálta. *Suburbia* atá i gCois Fharraige aoníos.

De réir figiúirí an daonáirimh is idir 60% agus 80% de na daoine fásta sa limistéir ó Bhaile na hAbhann soir go dtí an Spidéal a labhraíonn Gaeilge gach lá. Dá réir sin, agraítear go bhfuil an teanga á creimeadh sa limistéir sin.

B'fhéidir nach ráiteas míchruinn atá ansin, ach níl mórán loighce leis mar ráiteas. Ní chuireann sé san áireamh gur

dóichí nach de bhunadh na háite roinnt de dhaonra na háite. Tá Francaigh agus Gearmánaigh, Meiriceánaigh agus Sasanaigh ina gcónaí idir Baile na hAbhann agus an Spidéal.

Ní mór rudai seachas céadchódáin a chur san áireamh le beatha teanga ar bith a mheas. Cuir na himircéáraigh san áireamh sa bhFrainc agus sa nGearmáin, agus tá na milliúin ann a labhraíonn Turcias, Arabais, Kurdis agus eile.

Fós féin, is iad an Ghearmáinis agus an Fhraincis teangacha na cumhachta. I gCois Farraige, is í an Ghaeilge teanga na cumhachta. Cumhacht eacnamaíil atá i gceist. Sa nGearmáin, is deacair jab a fháil gan Chearmáinis. I gCois Farraige, is deacair jab a fháil gan Ghaeilge.

Litreacha chuig an Eagarthóir

Beidh fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge, i mBéarla, nó i dteangacha eile. Seol do litir chuig:

Fís na míaoise

Pádraig Ó Catháin,
Lios Mhic Fheorais,
Clár Chlainne Mhuris,
Co. Mhaigh Eo.

A chara,
Céard atá ag cur as don eagarthóir bocht? Ba racht a chuir sé uaidh in eagrán mhí Eanáir. Is léir go bhfuil deacrachtaí aige le hiomhá d'Éirinn gan trácht ar theacht ar fhís. Sa tóir ar striapach nó maighdean nó seanchailleach a bhí sé san alt ar fad. Ní haon ionadh mar sin nár aithin sé an bhean chumasach aibí muiníneach údarásach is ea Éire faoi láthair.

Níor chreid mé an moladh a thug sé do Chumann na Saighdiúirí agus é ag rá ag an am céanna nár chóir dúinn arm a bheith againn in aon chor. Dar leis ní baol don Eoraip ó chearn ar bith, Arbaigh go háirithe. Bheadh drogall rómhór orthu tabhairt faoi chumhacht na hEorpa.

Cén fáth meas tú mar sin gur chailliúint a bheadh ann dúinn fáil réidh leis an neodracht trí dhul faoi scáil na hEorpa?

Tá an nimh san fheoil aige go háirithe do na Meiriceánaigh. Iad is cúis leis an dá agóid sa Mhurascáil. An é nach cuimhin leis gur ionsaí ar an gCuáit a chuir tú leis an achrann go léir?

Más sceimhlitheoiréacht a ghlaonn sé ar ionsáí cosanta, céard a thabharfadh sé ar an gcaoi a roinn Saddam leis na Curdaigh?

Cé mhéad páistí as an 560,000, a luagh sé a fuair bás san Iaraic de bharr smachtbhannai, ba Churdaigh nó Sunnaigh iad?

A Chuisle, tá sé thar am fáil réidh leis an meon géilleamhach, neamhmuiníneach sin atá agaibh i leith cur chuige na hÉireann ar státse na hEorpa agus an domhain.

Le meas srl.

Cuisle na gcoimeádach

Michał Karyński,
Mickiewicza 70/7,
01-650 Warszawa,
An Pholainn.

A chara,

Bhí áthas orm nuair a chonaic mé bhur n-iris. Thaitin an t-alt faoin Tibéid go mór liom.

Tá súil agam go mbeidh Cuisle frithchumannach coimeádach go deo. Beidh mé buioch libh as alt faoi cheoltóirí móra na hÉireann (baill uile an ghrúpa Clannad agus Enya agus Máire Ní Bhraonáin). An bhféadann sibh a lircí Gaeilge a fhoilsiú i gCuisle?

Chuir mé chugaibh an seic. Tá súil agam go bhfuair sibh an ceann seo cheana.

Is mise, le meas, srl.



Ionradh na Síneach

Thomas Moore,
Inverin, Co Galway.

Dear Editor,
Congratulations on the publication of *Cuisle*. I am not a native speaker of Irish, but because of the wide range of your magazine's subject matter, I am very much encouraged now to learn the

language.

For years I have followed closely the plight of the Tibetans at the hands of the Chinese, and am somewhat frustrated at having only half an idea of what is being said on the subject in your January edition.

I can remember when our government afforded his Holiness the Dalai Lama red carpet treatment on his arrival at the airport when he came to thank us for our concern for the welfare of his people. This (official) concern has proved short-lived.

'Does opening up new markets mean turning a blind eye to genocide and to the extermination of an ancient culture and people?' asks your article.

I am afraid your question throws a clear light on our political character. We are doing so, while the other eye has become firmly fixed on joining the rush to develop trade-links with the last remaining bastion of communist aggression.

The only possible solution to this human conflict of interest on a global scale is and always has been in the mouth of the people.

Yours etc.

Leagan cainteach

Pádraig Seoighe,
Camus, Co na Gaillimhe.

A chara,

Ceapaim go mbíonn scoth an ábhair i gCuisle.

Is maith liom go mór *Leagan Cainte*, clár maith raidió a thugann deis míniú a fháil ar nathanna cainte atá caite i gcártá. Cuirim fáilte freisin roimh an dearcadh grinn atá ag Tim Robinson ó thaobh logainmneacha na háite. Bíonn ábhar cuimsitheach i gCuisle agus tá súil agam go leanfar leis an dea-obair.

Is mise, srl.

Leagan cainteach

Nollaig Ó Gadhra,
Na Forbacha,
Gaillimh.

Bail ó Dhia ort, a Eagarthóir, Ba cheart a bheith buioch, is dócha, gur thug tú spás in eagrán Eanáir '99 chun cuid de na ceisteanna reatha a bhaineann le gnáthúsáid na Gaeilge ar mheáin cosúil le RnaG agus TnaG a ardú, fiú más mar shliocht as *An tUltach* a bhí i gceist. Seans nár thuig tú, ar ndóigh, gur foilsíodh na ceisteanna seo (cén Ghaeilge atá ar cross community consensus, srl.) mar alt in *An tUltach* mar nár tugadh aon aird ar na fadhbanna céanna nuair a seoladh an t-ábhar céanna mar litir chuig *Leagan Cainte* fadó ó shin!

Is fada mé den tuairim gur cheart don clár sin éiri as a bheith ag caint eatartha féin agus fios a chur ar shaineolaithe teanga agus eagarthóireachta eile (i seomraí nuachta Chasla, Bhaile na hAbhann agus Mhontrose féin), féachaint le comhréiteach agus comhthuiscint éigin a bhaint amach ar an aer (an margadh oscailte atá le fáil ag gach saoránach) maidir leis na hathruithe ollmhóra atá ag tarlú in úsáid na Gaeilge - athruithe níos mó ná rud ar bith a tharla ó aimsir Phádraig Naofa b'fhéidir.

Is fada mé den tuairim freisin, ag am nuair atá níos mó glanGhaeilge le fáil "ar an aer" ar fud na tire uilig (a bhuiochas sin do RnaG) in aghaidh an lae, ná mar a bhí riabhach roimhe seo sa stair, gur ceart do *Leagan Cainte* deis a thabhairt do daoine glaoch isteach . . .

Bheadh de bhuntáiste ag an imbeart freisin go bhféadfá na canúintí go léir a chloisteáil beo ar an aer, le go dtuigfeadh foghlaimeoí nach ionann Gaeilge Chorca Dhuibhne, dá áille í, agus Gaeilge na Mumhan ar fad,

go bhfuil canúint agus go deimhin canúintí breátha Gaeilge fós beo i Maigh Eo nach bhfaigheann a gceart riámh ar RnaG, agus nach ionann Cois Pharraige agus Gaeltacht mhór na Gaillimhe . . .

Feicim go bhfuil meascán ag fás faoi láthair idir "Binse Fiosraithe" agus "Binse Fiosrúcháin" ag am nuair atá dlíodóirí Gallda aonteangacha na hÉireann ag troid eatarthu féin faoin difríocht idir *investigation* agus *enquiry*.

Seo an saghas ruda ba cheart a bheith ina bheochtear ar *Leagan Cainte* dar liom. In áit a bheith ag plé leis an seansaol, nó ag léamh amach na leaganacha difriúla a bhí i bhfocloíréí éagsúla glúin agus dhá ghúin sar a raibh aon chleachtadh againn ar na binsí céanna . . .

Beir beannacht, srl.

(Déanadh coimriú áirithe ar an litir seo thuas, cheal spáis.)

Leagan eile

Tomás Ó Braonáin,
Tír Oileáin, Gaillimh.

A chairde,
Bhínn go sásta ag éisteacht le Leagan Cainte ar RnaG agus ag léamh samplaí as ina dhiaidh sin ar *Chuise*.

Ach tá deireadh go deo leis sin tar éis an lae inniu 12 Feabhra. Ar chuala sibh féin é? Má chuala, tá sibhse réidh go deo leis freisin!

An cathaoirleach ag cur síos ar theach tabhairne sa Spidéal: "An Droighnéan Donn. Ba leis an dornálaí Máirtín Ó Droighnéán, Máirtín Thornton é tráth, ach nuair d'athraigh sé lámha . . ." Sin leagan cainte a bhain leagan asamsa. Os í sin caint an chathaoirligh agus ó sciorr sí uaidh i ngan fhios don fhoireann, cé a d'éistfeadh leo feasta!

Nach bocht an cás é!
Le meas, srl.



Criú teilifise ag obair ar an tsraith *Ceol na Talm* i Múscrai

Staitisticí an daonáirimh


Cormac Ó hAodha,
Cúil Aodha,
Maigh Chromtha,
Co. Chorcaí.

A chara,
Ní maith an rud é dar liom, brath ar staitisticí loma an daonáirimh amháin agus sinn ag déanamh bunchinnidh ar nós athrú ar theorainn na Gaeltachta. An féidir comparáid ó thaobh líon na gcainteoiri Gaeilge a dheanamh go cruinn leis na figíúr seo, idir áit ar nós bruachbhaile agus baile fearainn/dálcheantair tuaithe sna cnoic ná ful ann ach dosaen tigh cónaithe?

Abraimís go bhfuil dream faoi leith ag iarráidh Cnoc na Cathrach sa Ghaillimh mar shampla, a fhágáil lasmuigh do theorainn *nua* na Gaeltachta. An mbeadh sé réasúnta dá réir sin, na mioncheantracha Gaeltachta i gCiarraí, i Maigh Eo, i gCorcaigh, sa Mhí nó i bPort Láirge a ghlanadh amach agus iad a theilgeann isteach sa Ghalltacht?

An féidir theorainn *nua* na Gaeltachta a tharraingt ag brath go hiomlán ar líon na ndaoine gur tharla dóibh

bheith i dtígh áirithe ar oíche an daonáirimh? Ní hamháin gur thit an oíche orthu ann ach bhí orthu bheith naoi mbliana déag nó os a chionn



le bheith san áireamh anseo.


Is ábhar dóchais é áfach na haltanna suimiúla a léamh san eagrán céanna agus é ag tagairt do phleananna Éamoin Uí Chuív maidir leis 'na céimeanna stuama (atá) á nglacadh ag an Aire le cinntrú go mbeidh guth ag na Gaeltachtaí beaga ar an mbord don chéad uair'.

Seachas éadóchas na hanailse atá déanta ag an Uasal Ó hÉallaithe, dar liom ar an meán go bhfuil na haltanna atá le léamh ar theorainn na Gaeltachta, athstruchtúr Bhord an Udarás agus tuairimí an Aire dá réir mar chuíis dóchais agus mar fhianaise go bhfuil machnamh dearfach agus cruthaitheach á dhéanamh i gcuinní áirithe, ar an gceist chinniúnach seo.

Is mise le meas, srl.

mark®

**YOUR
COMFORT
IS OUR
BUSINESS**



**Teas agus aerú le haghaidh
gach saghas foirgneamh
Óstáin, Siopaí, Monarchain
srl . . .**

Cúil Aodha, Maigh Chromtha,

Co. Chorcaí

Fón: 026 45334 Facs: 0226 45383



ISO 9001



Ní ar mhaithe le brabach atá muide i mbun gnó.

Ach ar mhaithe le feabhas a dhéanamh

Tá breis roghanna maidir le hárachas sláinte ag VHI duit sa bplean nua *Option*.
Más breis eolais atá uait faoin gchinnteacht a thugann an VHI dá 1.4 milliún ball, agus sciar den
chinnteacht sin uait féin, glaoigh ar 1-800 444 844.



An Bealach is Fearn

Baile Átha Cliath: Teach VHI, Sráid na Mainistreach focht., Baile Átha Cliath 1. Tel: (01) 872 4499 Corcaigh: Teach VHI, 70 An Mál Theas. Tel: (021) 277188
Dún Laoghaire: 35/36 Sráid Sheoirse Íochr. Tel: (01) 280 0306 Gallimh: Teach VHI, 10 An Fhaiche Mhór. Tel: (091) 563715 Luimneach: Teach Gardner, Cé Charlotte. Tel: (061) 316122
Idirion: <http://www.vhi.ie> Ríomhphost: info@vhi.ie

BUS ÉIREANN

LE hAGHAIDH DO CHUID
RIACHTANAISÍ TAISTEAL UILIG:

- Seirbhís bus cathrach áitiúil agus ar fud na tíre
- Supabus go Sasana agus go dtí an Mhór Roinn
- Seirbhís iompair bheartanna
- Sos "Breakaway"
- Seirbhís bus scoile
- Seirbhís bus hireálta
- Seirbhís deireadh seachtaine do mhic léinn.

Le haghaidh tuilleadh eolais glaoigh isteach ag:

Bus Éireann-Ionad Taisteal, Gaillimh
091 562000 nó 091 563555
Facs 091 565077/566230

Is eagras é an VHI nach bhfuil taobh le brabach.

Pé farasbarr a bhíonn ann, úsáidtear é le feabhas a chur ar an tseirbhís a thugann muid dár gcuid ball.

Os cionn ceathracha bliain ó shin, bunaíodh VHI ar an bpriónsalabhl gur ceart fáil a bheith ag gach fear, bean agus páiste sa bpobal ar chóras neamhspleách Leighis.

Is daingean fós don phriónsalabhl sin.

Is dóigh le 1.4 milliún de phobal na hÉireann go bhfuil ciall leis an VHI, mar cuireann sé feabhas ar an saol.

**Tinteán Mhúscraí Teo.
FIREPLACE MANUFACTURERS**

**Ballyvourney, Macroom, Co Cork.
Ph: 026-45165 Fax: 026-45392**

**MARBLE, MAHOGANY
& CAST IRON FIREPLACES
AT FACTORY PRICES.
GRANITE & MARBLE BAR/COUNTER
TOPS. KITCHEN WORK TOPS
VANITY UNITS, FLOORS
& SHOP FRONTS
Also
FULL RANGE OF
GENUINE ANTIQUE FIREPLACES**

Call in to our showrooms in Ballyvourney

**Opening hours: Mon - Sat 9 -5.30p.m.
Sunday 3 -6p.m.
or any evening by appointment**

Delivery free

Brochure available

AON SCÉAL AGAT? Cuir nota gearr chugainn agus foilseoidh muid blúirín eolais bunaithe air SAOR IN AISCE. Spirocdáta don chéad eagrán eile: an 20ú lá den mhí seo. Seol chugainn d'fhógra chuig: Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe; cuir chugainn ar an bhfacas é chuig 091 572076; nó cuir chugainn ar ríomhphost é chuig cuisle@tinet.ie.

RÁTAÍ FÓGRAÍOCHTA:
GLAOIGH AR 01 676 2860.

IS É Joe Steve Ó Neachtain a scríobh *Trí Ribe as Giall an Diabhal*, geamaireacht nua an Phléaráca. Tá Maidhc P. Ó Conaola ar stól an léiritheora, agus Aisling agus Luisne Ní Neachtain i mbun chóiriú an cheoil.

Tá Micilín curtha go hifreann ag an tiarna áitiúil le trí ribe a tharraingt as giall an diabhal. Má fhlilleann sé leo, beidh cead aige iníon an tiarna a phósadh.


Tá an gheamaireacht ar chamchuaireart na Gaeltachta an mhí seo. Críochnóidh sí in Inis Oírr ar an 27ú Márta.

* * *

TÁ £220,000 á lorg ag Eagraíocht Scoileanna Gaeltachta le plean forbartha don oideachas Gaeltachta a chur i bhfeidhm. Mar chuid den phlean, tá costas riarracháin £180,000 chun feidhmeannaigh a fhostú agus oifig a riadaradh.

Dúirt an tAire Stáit Éamon Ó Cuív, agus é ag seoladh na cáipeise ar an Ceathrún Rua le déanaí, go raibh sé i

Líon na bhfoghlaimeoíri Gaeilge in UCC



DE RÉIR tuarascáil bhliantúil Bhord na Gaeilge i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, chuirk breis agus 300 duine lánfhásaitheach ar chúrsaí sa teanga labhartha sa bhláin acadúil 1997-98. Meastar gur dheighteáil Ionad na Gaeilge Labhartha sa choláiste le 6,000 duine ar a laghad i rith na bliana sin, i dteannta leis an 825 mac léinn den uile aois a d'fhreastail ar a chúrsaí teanga. Cuireadh le chéile 48 rang agus fostaiodh breis agus 20 muinteoir san ionad. Tháinig méadú suaithinseach ar líon na bhfoghlaimeoíri i ngrúpaí áirithe - fochéimithe, 152 go 166; muinteoirí ceardteastaí, 18 go 28; eachtrannaigh, 167 go 201.

gceist aige gníomhú láithreach chun scéim tacáiochta do scoileanna Gaeltachta i dTír Chonaill agus i gConnachta a chur ar bun, cosúil le scéim atá ar bun cheana féin i gCorca Dhuibhne.

* * *

IS É Pádraig Ó Snodaigh a bheidh ina stiúrthóir ar cheardlann

scribhneoireacht Ghaeilge i Siamsa Tíre, Trá Lí ar an 5 Aibreán. Tá táille deich bpunt (£2 do mhic léinn) uirthi. Eolas: 066 24169.

* * *

BEIDH an Fhéile Phan-Cheilteach ar siúl i dTrá Lí i mbliana ón 6-11 Aibreán. Tá amhráin nuachumtha idir cheol agus fhocail á lorg don chomórtas amhránaíochta. Eolas: 021 273251.

* * *

BEIDH oíche rásáiochta ag Gaelscoil de híde Tigh Ghearóid, Uarán Mór, Co na Gaillimhe ar an 26ú Márta. £10 an ceann atá ar na caiple. Cosnaíonn sé £100 urraíocht a dhéanamh ar rása.

* * *

TÁ SÉ ar intinn ag féile an Oireachtas cnuasach den saothar ar bronnadh duaiseanna air le trí scór bliain a chur i dtoll a chéile. "Maraon leis sin," arsa Stiofáin Ó Móráin, cathaoirleach Choiste Bhaile Átha Cliath Oireachtas na Gaeilge, "is mian linn téip den cheol, fiseán de na himeachtaí, agus féidir leathcháití faoi Thaispeántas Ealaíne an Oireachtas tar thréimhse na seasca bliana a fhoilsí mar chuid de cheiliúradh na haoise nua."

* * *

SEOLADH léabhar le hAlf Mac Lochlainn, *Fián na Bocs a bhí ann an tAm sin*, le deireanas. Scéal an aighnis iascair-eachta i mBaile na hAbhann sa mbláin 1935 atá ann. Coiscéim a d'fhoilsigh.

CUISE

SLADMHARGADH! TRÍ EAGRÁN IN AISCE!

Cuirfidh muid trí eagrán de *Cuisle* chugat saor in aisce, má ghlacann tú síntiús bliana inn. Is é sin le rá, má chuireann tú do locafocht chugainn in am d'eagrán na Márta, gheobhaidh tú gach eagrán den iris go dtí Meitheamh 2000, an ceann sin san áireamh. Ní gá ach an fhoirm thíos a líonadh agus a chur sa phost le do sheic.

Ainm / name Slinne / surname

Seoladh / address

Teil / tel Ríomhphost / email

Síniú / signature Dáta / date

RÁTAÍ (postas san áireamh)

Eire agus an Bhreatain £25

Mór-Roinn na hEorpa 40 euro* • An chuid eile den domhan US \$80*

*nó a chomhionann in airgead áitiúil

LEABHAIR NUA DO PHÁISTÍ



Is breá le páistí cuairt a thabhairt ar pháirceanna poiblí. Sa leabhar seo tá 40 grianghraf de na plandaí agus de na hainmhithé a d'fheicfeadh páistí ina dtimpeall i bpáirc phoiblí chomh maith leis na fearais a mbeidís ag súgradh orthu.

ISBN 1-85791-289-6 £3.20

IN AON SRAITH LEIS SEO TÁ:

Céard É Féin?	ISBN 1-85791-108-3
Sa Teach	ISBN 1-85791-109-1
An Fheirm	ISBN 1-85791-107-5

£3.20 an ceann



Is iontach an maidrín é Bran. Sa leabhar seo feicimid é ag tabhairt lámh chúnta dá Mham.

ISBN 1-85791-294-2 £2.50



Maidrín iontach é Bran. Ag súgradh a bhí sé inniu agus tá turise an domhain air i ndeireadh an lae.

ISBN 1-85791-293-4 £2.50

G AN GÚM

Teil: (01) 809 5034 gum@educ.irlgov.ie
An Rannóg Postdiola (01) 661 3111
Dáileoir: ÁIS (01) 661 6522



Bhuaigh Éimear Ní Chonaola, An Spidéal, Co na Gaillimhe, Bonn Oir Raidió na Gaeltachta in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh i mbliana. Fuair sí na marcanna is airde sa Dioplóma i gCumarsáid Fheidhmeach, cursa iarchéime dóibh siúd gur mian leo dul ag obair sa réimse raidió agus teilifise. Tá Éimear ag obair faoi láthair mar theicneoir fuaime le TnaG.

Sa phictiúr tá Éimear Ní Chonaola; an tOllamh Iognáid Ó Muircheartaigh, meabhránaí, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh; agus Pól Ó Gallchobhair, ceannasaí Raidió na Gaeltachta.

ANURAIDH scap an Foras Riarachán ceistneoir thar ceann Bhord na Gaeilge ar 211 eagraíocht cultúir agus oidhreachta maidir lena gcleachtas dhátheangach. Is é seo an chéad iarracht chórasach atá déanta ag an mBord chun cleachtais dhátheangacha a thomhas. Tá tortaí an tsuirbhé ar fáil in *Anaílis ar Chleachtais Dhátheangacha maidir le Cultúr agus Oidbreacht a chur chun cinn in Éirinn, tuarascáil a foilsíodh ar an 18 Feabhra.*

Deirtear inti go bhfuil dearcadh fábharach ag suas le trí cheathrú de na freagróirí i leith úsáid na Gaeilge. D'fhreastail foireann an chúigí cuid de na heagraíochtaí ar chineál éigin oiliúna sa teanga. Tá comharthaí dhátheangacha ar taispeáint ag leath na n-

eagraíochtaí ar deineadh suirbhé orthu, ach níl Gaeilge ar ábhar clóite acu sin go léir. Tá sí ar fáil ag an gceathrú cuid de na heagraíochtaí a bhfuil clostreacha á n-úsáid acu.

* * *
CIORCAL comhrá Gaeilge Tigh Hughes sa Spidéal. Gach oíche Luain ó 8.30 p.m. Eolas: 091 593185.

* * *
'SPRAOI' atá ar chomhlacht i gConamara a chuireann earraí oideachasúla do pháistí ar fáil as Gaeilge. Tá réimse leathan áiseanna ar fáil, iad oiriúnach don seomra ranga nó don bhaile, ina measc fríosanna uimhreacha; mataí dínnéir agus póstaír éagsúla. Eolas: 091 567824.

Isolde Nic Ghialla Chlaon
(7), as Garrán Cheann Córadh, Cluain Tarbh, Baile Átha Cliath a rinne an pictiúr gleoite seo le haghaidh Lá 'le Pádraig. Mile buíochas a Isolde, is lá bronntanas beag ar a bhealach chugat.

Cogar, a pháistí! An mbeidh sibh ag dul aon áit faoi Cháisc? An bhfuil bhur gcuid uibheacha péinteáille agaibh? Déanaigí pictiúir don Cháisc agus cuirigi chugainn iad. Má thoisíonn muid do phictiúrsa, cuirfidh muide bronntanas chugat.




antéa táinig faoin saol thóinn

Bhí tuiscint riamh in Éirinn ar an Saol Fó Thoinn agus is é John Philip Holland as Lios Ceannúir i gCo. an Chláir a cheap an chéad fhomhuireán ón saol seo a chonaic Manannán.

Bhí dearcadh ar leith ag Holland, a dhearcadh féin, dearcadh an Éireannaigh **Is dream ar leith muintir na hÉireann agus is stáisiún leithleasach teilifise TnaG.** Stáisiún ar aon mheon linn féin, stáisiún a bhfuil an dearcadh ar leith sin aige - an dearcadh Éireannach.



TnaG. Briseann an dúchas.



The National Lottery raised
£100 million last year for
causes throughout Ireland.
On your behalf.

If you're
one of the
many who
lent a
hand, thank
you.

